An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil Bhliantúil 2019






Grianghraf clúdaigh: Cathaoirleach Chomhairle NCSE Joe Hayes ag labhairt ag Comhdháil Taighde NCSE 2019.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

Meitheamh 2020

© NCSE 2020

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1-2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co na Mí
C15 P2KC

T: 01 603 3200

www.ncse.ie

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Tuarascáil chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE | | 3 |
| Réamhrá: Ár gCur Chuige Straitéiseach | | 9 |
| Príomhghaiscí | | 13 |
| **Sprioc Straitéiseach 1** | | **17** |
| 1.1 | Réamhrá | 17 |
| 1.2 | Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2018-19: Iarratais ar Thacaíochtaí Breise | 18 |
| 1.3 | Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2019-20 | 19 |
| 1.4 | Seirbhís Tacaíochta NCSE do Scoileanna | 20 |
| 1.5 | Tionscadal Píolótach an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SIM) a chur i bhfeidhm | 22 |
| 1.6 | Gradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2019 | 26 |
| **Sprioc Straitéiseach 2** | | **27** |
| 2.1 | Réamhrá | 27 |
| 2.2 | Ár bhFoilseacháin | 28 |
| 2.3 | Taighde Leanúnach ar bun le linn 2019 | 28 |
| 2.4 | Taighde Nua | 30 |
| 2.5 | Comhdháil Thaighde 2019 | 30 |
| **Sprioc Straitéiseach 3** | | **35** |
| 3.1 | Réamhrá | 35 |
| 3.2 | Dul chun cinn maidir le Comhairle Beartais i dtaca le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta | 35 |
| 3.3 | Siompóisiam NCSE maidir le hOideachas Ionchuimsitheach | 36 |
| 3.4 | Saothar Idirnáisiúnta | 36 |
| **Sprioc Straitéiseach 4:** | | **43** |
| 4.1 | Réamhrá | 43 |
| 4.2 | Oideachas Aosach agus an Straitéis Fostaíochta Cuimsithí (CES) do Dhaoine faoi Mhíchumas (2015-24) Pleanáil Idirthréimhseach | 43 |
| **Sprioc Straitéiseach 5:** | | **47** |
| 5.1 | Réamhrá | 47 |
| 5.2 | Tuilleadh Forbartha ar Struchtúr Bainistíochta Eatramhach an NCSE | 47 |
| 5.3 | Faisnéis do Thuismitheoirí | 48 |
| 5.4 | Cosaint Sonraí | 49 |
| 5.5 | Fóram Comhairleach | 49 |
| 5.6 | Rialachas | 51 |
| 5.7 | Comhairle an NCSE | 51 |

**Aguisíní** **57**

| | | |
|---|---|---|
| Aguisín 1: | Dearbhú de Chomlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 | 59 |
| Aguisín 2: | Foireann NCSE | 62 |
| Aguisín 3: | Faisnéis Staidrimh do na Blianta Acadúla 2011-12 go 2018-19 | 63 |
| Aguisín 4: | Tuairisc ar na Catagóirí Míchumais | 65 |
| Aguisín 5: | Gluais Acrainmneacha | 68 |
| Aguisín 6: | Fisghrafaic Staitisticí | 69 |

# Tuarascáil chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE

**Meitheamh 2020**

**An tUasal Joe McHugh, TD**
**An tAire Oideachais agus Scileanna**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Sráid Mhaoilbhríde**
**Baile Átha Cliath 1**
**D01 RC96**

A Aire, a chara,

I gcomhréir le riachtanais an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Oideachais Speisialta Acu, 2004, is mór an onóir dom, mar Chathaoirleach an NCSE, ár dtuarascáil bhliantúil do 2019 a chur i láthair duit.

Ba bhliain thábhachtach spreagúil eile í 2019 don NCSE.

Tar éis an aistrithe in 2017 de sheirbhísí oideachais ar leithligh isteach sa NCSE, rinneadh forbairt bhreise ar an struchtúr réigiúnach do sheirbhísí tacaíochta NCSE in 2019. Tá deich bhfoireann bunaithe againn i cúig réigiún. Tá na foirne seo comhdhéanta de chomhairleoirí, múinteoirí cuairte agus eagraithe riachtanais speisialta oideachais (ERSOnna) agus tá bainisteoirí foirne i gceannas orthu. Soláthraíonn siad seirbhís chomhordaithe do scoláirí, do scoileanna agus do theaghlaigh agus cuirfidh siad feabhas ar na torthaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tugann an t-aonad forbartha beartais agus cleachtais tacaíocht dá gcuid oibre, ina bhfuil raon speisialtachtaí cliniciúla agus oideachais ag foireann an aonaid. Tá ról lárnach ag an aonad lena chinntiú go mbíonn tacaíochtaí NCSE bunaithe ar fhianaise agus go bhfuil dea-chleachtas mar bhonn agus taca do na tacaíochtaí sin. Taobh thiar de seo, tá struchtúr riaracháin leathnaithe ann, ina bhféadfaidh cumas feabhsaithe i réimsí mar airgeadas, seirbhísí tacaíochta gnó, acmhainní daonna agus TF ligean dár bhfoireann ar an túslíne díriú ar fhreastal ar riachtanais na scoláirí, na dteaghlach, na múinteoirí agus na scoileanna.

Ina theannta sin, in 2019 seoladh an tionscadal píolótach an Samhail um Chuimsiú Scoile, ag leanúint ó na moltaí ar thugamar duit inár gcomhairle beartais in 2018. Leis an tionscnamh ceannródaíoch seo, faoi stiúir do Roinne agus á bhainistiú ag an NCSE, tabharfar raon tacaíochtaí isteach i scoileanna chun tacú le scoláirí, nuair a bhíonn gá leis, ar fud 75 bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta i gcodanna de Bhaile Átha Cliath, Chill Mhantáin agus Chill Dara. Tabharfaidh sé solúbthacht do scoileanna freisin maidir leis an gcaoi a n-úsáideann siad a gcúntóirí riachtanas speisialta. Tá áthas orm a dhearbhú go leanann foireann NCSE ag obair go dlúth le hoifigigh ó do Roinn chun an tionscnamh fiúntach seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tógann forbairt agus cur i bhfeidhm an tSamhail um Chuimsiú Scoile ar an obair dhearfach a d’eascair as an Tionscadal Taispeána Tacaíochta Teiripe Laistigh den Scoil agus Roimh an Scoil, agus a chuimsítear anois inti, rud a leanadh lena cur i bhfeidhm sna scoileanna seo agus i 75 réamhscoil i rith 2019. Thug baill foirne agus scoláirí ó shuíomhanna

rannpháirteacha aiseolas dearfach maidir lena dtaithí ar an tionscadal go dtí seo. Táim ag tnúth le tuairisc a thabhairt duit in 2020 ar an bhfoghlaim a thiocfaidh as an meastóireacht fhoirmiúil ar an tionscadal.

Chomh maith le tuarascáil bhliantúil a sholáthar duit faoin Acht EPSEN, ceanglaítear orm freisin faoin gCód Cleachtais 2016 um Rialú Comhlachtaí Stáit tuairisc a thabhairt duit mar seo a leanas:

- Ní comhlacht Stáit tráchtála í NCSE. Níl aon fhochuideachtaí, comhfhiontair ná scairshealbhóirí againn. Ní raibh aon tionchar ag forbairtí a raibh tábhacht tráchtála ag baint leo ar an NCSE in 2018. Nílimid ag súil lena leithéid d'fhorbairtí.
- Is mar a nochtar inár gcuntais bhliantúla 2019 é staid airgeadais an NCSE, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu. Seoltar na cuntais seo, nuair a chuirtear i gcrích an t-iniúchadh orthu, chugat ar leithligh faoi Alt 29 den Acht EPSEN agus cuimsítear iontu, de réir mar is gá, mo thuarascáil, dearbhuithe duit maidir le Córas Rialuithe Inmheánacha NCSE agus an ráiteas rialachais riachtanach agus tuarascáil chomhaltaí an bhoird.
- Chuir Comhairle NCSE meastóireacht i gcrích ar fheidhmíocht NCSE trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad i mí na Nollag 2019.
- Ghlac an NCSE le Cód Cleachtais 2016 um Chomhlachtaí Stáit a Rialú agus comhlíontar go hiomlán le gach gné de.
- Sa chomhthéacs seo, dearbhaím:
    - Gur cloíodh leis na nósanna imeachta cuí go léir maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal agus diúscairtí sócmhainní.
    - Go bhfuil an NCSE ag cloí le beartas an Rialtais maidir le soláthar poiblí agus ag cur ár bPlean Soláthair Chorparáidigh reatha i bhfeidhm. I gcás ochtar nua-aitheanta conarthaí, áfach, d'aithníomar neamhchomhlíonadh treoirlínte in 2019 agus nochtamar é seo inár Ráiteas um Rialú Inmheánach inár gcuntais bhliantúla.
    - Go bhfuil an NCSE ag cloí le gnéithe agus nósanna imeachta ábhartha maidir leis an gcód caiteachais phoiblí.
    - Go ndearna an NCSE measúnú iomchuí ar phríomhrioscaí, ina measc bhí tuairisc ar na rioscaí seo agus, nuair is iomchuí, bearta agus straitéisí maolaithe gaolmhara.
    - Go gcomhlíonann baill NCSE Cód Iompair Ghnó de chuid Comhairle NCSE
    - Go gcomhlíonann fostaithe NCSE Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.
    - Go gcomhlíonann tuarastail iníoctha leis an bpríomhfheidhmeannach agus le gach fostaí beartas an Rialtais.
    - Níl aon táillí stiúrthóirí iníoctha le baill Chomhairle NCSE. Sonraítear costais bhaill aonair na Comhairle sa ráiteas rialachais a fhoilsítear ar leithligh don tuarascáil seo.

- Go gcomhlíonann an NCSE na treoirlínte chun tograí caiteachais caipitil a mheas agus a bhainistiú.
- Go gcomhlíonann an NCSE riachtanais bheartas taistil an Rialtais.
- Nach bhfuil an NCSE ag súil le haon imeachtaí suntasacha iar-chomhardaithe.

Tá dearbhuithe breise maidir le comhlíonadh cheanglais an chóid leagtha amach in Aguisín 1.

Le linn 2019, leanamar ag leithdháileadh poist CRS ar scoileanna le haghaidh riachtanas speisialta oideachais. Mar a shonraítear sa tuarascáil seo, faoi dheireadh na scoilbhliana 2018-19 bhí níos mó ná 15,000 post CRS i scoileanna chun tacú le níos mó ná 36,500 scoláire a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu. Leanamar orainn ag obair le do Roinn ar chur i bhfeidhm an phróisis leithdháilte múinteoirí oideachais speisialta.

Ceann dár bpríomhróil is ea comhairle beartais a sholáthar duit maidir le hoideachas na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Sa chomhthéacs seo, tá áthas orm a thuairisciú go ndearnadh dul chun cinn i rith na bliana ar ár gcomhairle beartais maidir le scoileanna speisialta agus ranganna speisialta in Éirinn. Chuamar i mbun tuilleadh comhairliúcháin agus leanamar lenár bpróiseas taighde ilsrathach leanúnach. Chuireamar ár dtuarascáil ar dhul chun cinn chugat i mí Dheireadh Fómhair agus táimid ag tnúth le dul i dteagmháil leat féin agus le d'oifigigh ar an ábhar seo agus muid ag críochnú ár dtuarascála in 2020.

Mar aon leis an snáithe taighde den chomhairle beartais seo, leanadh lenár gclár taighde ilbhliantúil le dhá thionscadal ag dul ar aghaidh agus tús curtha le tionscadal nua amháin – meastóireacht ar an tionscadal píolótach an tSamhail um Chuimsiú Scoile.

D'fhreastail níos mó ná 250 toscaire ar ár gcomhdháil taighde bliantúil a tionóladh i mí na Samhna. Sa chomhdháil, rinneadh scrúdú ar théama an chuimsithe ó thaobh córais agus oideachas múinteoirí de agus cuireadh fáilte mhór roimhe.

Sa tuarascáil bhliantúil seo, aithnítear na príomhéachtaí atá bainte amach againn do 2019 agus na gníomhaíochtaí go léir a rinneadh maidir lenár gcúig sprioc straitéiseacha don bhliain. Tá an NCSE sásta i gcónaí chun aon fhaisnéis nó soiléiriú breise a sholáthar duit féin nó do d'oifigigh faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí sin.

Mise le meas

**Joe Hayes,**
*Cathaoirleach,*
*An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta*

# Réamhrá

## Ár gCur Chuige Straitéiseach

# Réamhrá

## Ár gCur Chuige Straitéiseach

Is í fís an NCSE do shochaí ina dtacaítear le leanaí agus daoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach ina gcuid oideachais agus ina ligtear dóibh a mianach féin a bhaint amach.

Agus muid ag iarraidh an fhís seo a bhaint amach, tá roinnt gníomhaíochtaí againn a eascraíonn as ár bhfeidhmeanna mar a leagtar amach in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Oideachais Speisialta Acu (EPSEN), 2004. Go sonrach, áirítear orthu seo:

- Soláthar tacaíochtaí oideachais a phleanáil agus a chomhordú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú.
- Comhairle a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le beartas don oideachas speisialta.
- Faisnéis a scaipeadh, lena n-áirítear an dea-chleachtas, maidir le hoideachas speisialta do thuismitheoirí, do scoileanna agus do dhaoine leasmhara eile.
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha lena chinntiú go dtugtar faoi deara a gcuid eolais agus saineolais nuair a fhorbraítear beartas NCSE.
- Athbhreithniú agus comhairle a thabhairt ar sholáthar oideachais d'aosaigh faoi mhíchumas.

**Tábla 1: Spriocanna Straitéiseacha NCSE Ráiteas Straitéise 2017-21**

| |
|---|
| **Sprioc 1:** Tacú le scoileanna chun a chumasú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach agus a chinntiú go bhfuil raon de roghanna socrúcháin oideachais ar fáil. |
| **Sprioc 2:** Clár taighde a sholáthar a shainaithníonn príomhcheisteanna, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus bonn fianaise chun tacú le hobair an NCSE agus torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. |
| **Sprioc 3:** Comhairle beartais agus cleachtais neamhspleách, shaineolach agus eolas-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna. |
| **Sprioc 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le dea-cleachtas san oideachas agus san oiliúint do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. |
| **Sprioc 5:** Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chomhlíonann na riachtanais dhlíthiúla agus chorparáideacha go léir agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú le tuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal i gcoitinne. |

# Príomhghaiscí

# Príomhghaiscí

Tugtar achoimre thíos ar chuid dár bpríomhéachtaí le linn 2019:

Le linn na scoilbhliana 2018-19, rinne an NCSE an méid seo a leanas:

- Cumasaíodh do níos mó ná 36,500 scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh maith le riachtanais chúraim shuntasacha, rochtain a fháil ar thacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta (CRS).
- Próiseáladh níos mó ná 9,800 iarratas nua ó scoileanna maidir le rochtain ar thacaíocht CRS a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Próiseáladh níos mó ná 3,800 iarratas nua ar iompar scoile do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Próiseáladh níos mó ná 4,400 iarratas nua ar theicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Bunaíodh os cionn 1,450 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha lenar cuireadh áiteanna ar fáil do 9,336 dalta.

Ina theannta sin, rinne an NCSE é seo a leanas le linn 2019:

- D'fhoilsíomar ár dtuarascáil ar dhul chun cinn maidir le comhairle beartais a fhorbairt do scoileanna agus ranganna speisialta, Oideachas Cuimsitheach do Shochaí Cuimsitheach?
- Cuireadh tús le rolladh amach na Samhla um Chuimsiú Scoile ar fud 75 scoil, lenar ionchorpraíodh an dara bliain den Tionscadal Taispeána Tacaíochta Teiripe Laistigh den Scoil agus Roimh an Scoil.
- Leanadh den fhorbairt ar ár struchtúr nua chun tacú le scoláirí, scoileanna agus teaghlaigh, lena n-áirítear deich bhfoireann a bhunú ar fud na tíre a sholáthraíonn seirbhís chomhordaithe do scoláirí, do theaghlaigh agus do scoileanna. Faigheann siad seo tacaíocht ó fhoireann leathnaithe um fhorbairt bheartais agus cleachtais a bhfuil cumas tacaíochta riaracháin feabhsaithe aici.
- D'óstálamar ár gcomhdháil taighde bhliantúil, ar fhreastail níos mó ná 250 toscaire uirthi i mbliana, a rinne scrúdú ar théama an chuimsithe maidir le: oideachas múinteora; agus athrú sistéamach.

## Plean Gnímh Oideachais an Roinn Oideachais agus Scileanna 2016-19

I bPlean Gnímh Oideachais an Roinn Oideachais agus Scileanna 2016-19 (ROS), leagtar fís shoiléir amach ionas go mbeidh córas oideachais agus oiliúna na hÉireann ar an gcóras is fearr san Eoraip sna deich mbliana amach romhainn agus go mbeidh deis ag gach duine a mhianach a bhaint amach. Tá tacaíocht d'fhoghlaimeoirí i gcroílar na gcúig sprioc atá sa phlean gníomhaíochta, agus Sprioc 2 dírítear ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus ar fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Lean an NCSE ag obair leis an ROS in 2019 chun spriocanna, gníomhartha agus fo-ghníomhartha aitheanta a sheachadadh laistigh den chreat ama riachtanach, lena n-áirítear scoileanna a chur ar an eolas faoina leithdháileadh CRS roimh dheireadh na scoilbhliana 2018-19, ag cur ár gcomhairle beartais chun cinn maidir le scoileanna speisialta agus ranganna speisialta agus dul chun cinn a dhéanamh ar thograí maidir le moltaí an Athbhreithnithe Chuimsithigh ar an Scéim um Chúntóir Riachtanas Speisialta a chur i bhfeidhm.

# Sprioc Straitéiseach 1

**Tacú le scoileanna chun a chumasú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach agus a chinntiú go bhfuil raon de roghanna socrúcháin oideachais ar fáil.**

# Sprioc Straitéiseach 1

**Tacú le scoileanna chun a chumasú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach agus a chinntiú go bhfuil raon de roghanna socrúcháin oideachais ar fáil.**

## 1.1 Réamhrá

Déanann an NCSE pleanáil, comhordú agus athbhreithniú ar sholáthar tacaíochtaí oideachais breise do scoileanna ina bhfuil scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Gach bliain is féidir le breis agus 4,000 scoil iarratas a dhéanamh chuig a n-eagraí riachtanas oideachais speisialta (EROS) áitiúil de chuid an NCSE ar acmhainní éagsúla ag brath ar riachtanais na scoile. Is iad seo:

- Tacaíocht CRS (cúntóir riachtanas speisialta)
- teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialaithe, agus/nó
- socruithe iompair scoile neamhchaighdeánacha

Cuirtear oideachas ar fhormhór na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna príomhshrutha anois. Mar sin féin, tá teacht ag scoláirí ar an réimse iomlán soláthair idir rollú lánaimseartha i ranganna príomhshrutha agus rollú lánaimseartha i scoileanna speisialta. Cuimsítear sa raon roghanna socrúcháin an méid seo a leanas:

- **Rang príomhshrutha** ina bhféadfaidh an scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici tacaíocht bhreise a fháil ón múinteoir ranga trí dhifreáil sa churaclaim agus/nó tacaíocht bhreise teagaisc ó mhúinteoir oideachais speisialta.
- **Rang speisialta i scoil phríomhshrutha** ina bhíonn idir seisear agus 11 dalta i ngach rang speisialta, ag brath ar an riachtanas speisialta oideachais ar leith.
- **Scoil speisialta** do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais níos casta acu le ranganna ina mbíonn idir seisear agus 11 scoláire, ag brath ar an riachtanas speisialta oideachais ar leith.

Ina theannta sin, tugann Seirbhís Múinteoirí Cuairte NCSE comhairle agus tacaíocht chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais oideachais na leanaí agus na ndaoine óga atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu nó dall/lagamhairc. Tá an tseirbhís seo ar fáil ón am ar rugadh iad, suas go leibhéil réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile.

Sa chuid seo, tugtar sonraí ar ár gcuid gníomhaíochtaí a bhaineann le hacmhainní a thabhairt do scoileanna sna scoilbhlianta 2018-19 agus 2019-20, obair Sheirbhís Tacaíochta NCSE agus ár gcuid oibre chun an tionscadal píolótach an tSamhail um Chuimsiú Scoile a chur i bhfeidhm.

## 1.2 Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2018-19[1]

### Iarratais ar Thacaíochtaí Breise

Sa scoilbhliain 2018-19 phróiseáil ERSOnna os cionn 18,000 iarratas ar thacaíochtaí breise do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi thrí scéim leithdháilte. I dTábla 2 thíos, tugtar breac-chuntas ar líon na n-iarratas a próiseáladh faoi gach scéim.

**Tábla 2: Achoimre ar Iarratais a Phróiseálann NCSE don Scoilbhliain 2018-19**

| Obair/FÁS | Líon na nIarratas |
|---|---|
| CRS | 9,855 |
| Iompar scoile | 3,847 |
| Teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialaithe | 4,453 |
| **Iomlán** | **18,155** |

### Ranganna Speisialta

Cheadaigh ERSOnna 164 rang speisialta nua a bhunú sa scoilbhliain 2018-19. Faoi dheireadh na scoilbhliana bhí 1,463 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha agus bhí 9,336 áit ar fáil. Is méadú é seo de 966 áit ar an mbliain roimhe sin.

9,336 áit ar fáil anois i 1,463 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha

### Scoileanna Speisialta

Le linn na scoilbhliana 2018-19, cláraíodh níos mó ná 7,900 dalta i scoileanna speisialta le tacaíocht ón NCSE. Leithdháil an NCSE 1,223 múinteoir agus 2,528 CRS ar scoileanna speisialta in 2018-19. B'ionann na figiúirí comhfhreagracha sa scoilbhliain roimhe sin de 2017-18 agus 1,204 múinteoir agus 2,470 CRS.

### Tacaíocht CRS

Faoi dheireadh na scoilbhliana 2018-19, tugadh tacaíocht CRS do níos mó ná 36,500 scoláire. Ba mhéadú é seo ar 34,500 scoláire sa bhliain roimhe sin. Tháinig méadú freisin ar líon na bpost SNA a leithdháileadh ar bhunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta faoi dheireadh 2018-19 ó 14,063 go 15,030.

1 Tosaíon an scoilbhliain 2018-19 i mí Mheán Fómhair 2018 agus críochnaíonn sí i mí an Mheithimh 2019

### Samhail um Leithdháileadh de Mhúinteoirí Oideachais Speisialta

Tugadh isteach samhail nua chun múinteoirí oideachais speisialta (MOS) a leithdháileadh le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2017. Leithdháileadh os cionn 13,200 múinteoir ar dtús in 2017 do na scoilbhlianta 2017-18 agus 2018-19. Tá liosta de na scoileanna agus a leithdháileadh SET ar fáil ar shuíomh Gréasáin NCSE.

Lean an NCSE air ag tacú le cur i bhfeidhm na samhla in 2019 lena bhfoireann áitiúil ag plé le scoileanna. Lean sé freisin le hathbhreithnithe a chur i gcrích ar chásanna inar tháinig imthosca eisceachtúla chun cinn i scoil tar éis dá leithdháileadh bunaidh a ríomh. Don scoilbhliain 2018-19, fuarthas 72 iarratas faoin bpróiseas athbhreithnithe eisceachtúil seo. Díobh seo, cuireadh 13 iarratas isteach le haghaidh athbhreithnithe, agus fuair cúig scoil leithdháileadh athbhreithnithe breise amhail an 31 Nollaig 2018. Cuireadh an próiseas ar sos ag an bpointe seo d'fhonn bealach a dhéanamh le haghaidh cleachtadh athphróifílithe in 2019.

Tá faisnéis bhreise faoin bpróiseas athbhreithnithe MOS leagtha amach i gCiorcláin 0013/2017, 0014/2017, 007/2019, agus 008/20. I gCiorclán NCSE 04/2019 leagtar amach an nós imeachta maidir le hiarratas ar athbhreithniú eisceachtúil.

## 1.3 Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2019-20[2]

Leithdháileadh 13,428 múinteoir oideachais speisialta ar scoileanna amhail deireadh 2019.

Rinneadh athphróifíliú ar leithdháiltí de mhúinteoirí oideachais speisialta (MOS) do scoileanna le linn 2019 agus cuireadh scoileanna ar an eolas faoina leithdháiltí MOS nua do Mheán Fómhair 2019. Tar éis an tsoláthair athphróifílithe seo, d'iarr 178 scoil ar sheiceáil ar an gcaoi ar ríomhadh a leithdháileadh athbhreithnithe. Maidir le gach leithdháileadh MOS a ndearnadh seiceáil orthu, aimsíodh go ndearnadh iad go léir i gceart. Tar éis athphróifíliú a dhéanamh ar leithdháiltí MOS, d'fhéadfadh scoileanna iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar a leithdháileadh MOS i bhfianaise cúinsí eisceachtúla ina scoil. Faoin 31 Nollaig 2019, bhí 22 iarratas faighte, agus chomhlíon seacht cinn acu na critéir imthosca eisceachtúla. Fuair dhá cheann de na seacht scoil seo leithdháileadh méadaithe MOS mar thoradh ar a n-athbhreithniú.

B'ionann líon iomlán na múinteoirí oideachais speisialta i scoileanna amhail an 31 Nollaig 2019 agus 13,428.

Tá líon na CRSanna a leithdháileadh ar scoileanna faoi dheireadh mhí na Nollag 2019 leagtha amach i dTábla 3 thíos.

2 Tosaíonn an scoilbhliain 2019-20 i mí Mheán Fómhair 2019 agus críochnaíonn sí i mí an Mheithimh 2020

**Tábla 3: Líon na bpost CRS**

| | Deireadh Scoilbhliana 2018-19 | Deireadh mhí na Nollag 2019 |
|---|---|---|
| Poist CRS | 15,030 | 15,948 |

### Próiseas Achomhairc um Chúntóir Riachtanas Speisialta

Gach bliain déanann scoileanna nó tuismitheoirí achomharc ar roinnt cinntí maidir le leithdháiltí CRS. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2019, fuarthas 113 achomharc.

**Tábla 4: Figiúirí Achomhairc Cinneadh CRS ag deireadh mhí na Nollag 2019**

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na n-achomharc CRS a fuarthas | 113 |
| Achomhairc ar seasadh leo | 8 |
| Achomhairc a ndiúltaíodh dóibh | 82 |
| Achomhairc a tarraingíodh siar | 9 |
| Achomhairc á bpróiseáil | 14 |

## 1.4 Seirbhís Tacaíochta NCSE do Scoileanna

Don bhliain féilire 2019:

- Seachadadh 443 cúrsa um fhorbairt ghairmiúil sheachtrach
- Seachadadh 280 seimineár scoile uile
- Bhí 16,511 múinteoir ag gabháil d'fhorbairt agus d'fhoghlaim ghairmiúil ag seimineáir NCSE agus ag seimineáir foirne iomláine
- Cuireadh 19,737 lá um fhorbairt agus fhoghlaim ghairmiúil ar fáil do sheimineáir NCSE agus do sheimineáir foirne iomláine
- Fuarthas 2,266 iarratas ó scoileanna ar thacaíocht laistigh den scoil [3], astu sin bhí 1,628 ó bhunscoileanna, 524 ó iar-bhunscoileanna, agus 114 ó scoileanna speisialta

Tairgeann Coláiste Aingil, Sligeach, (coláiste de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh [NUIG]), teastas/dioplóma iarchéime i riachtanais oideachais speisialta (neamhord speictrim uathachais [ASD]) clár forbartha gairmiúla [4] i gcomhar leis an NCSE do mhúinteoirí de scoláirí a bhfuil ASD acu I mí na Samhna 2019, bronnadh teastas ar thriúr mac léinn, bhain 21 mac léinn dioplóma amach agus bhain triúr eile máistreacht (MA SEN [ASD]) amach.

3 D'fhéadfadh go n-áireofaí le tacaíocht laistigh den scoil soláthar cúnaimh le cur i bhfeidhm SET, soláthar tacaíochta laistigh den scoil agus forbairt agus seachadadh FGL do mhúinteoirí.

4 Féach Ciorclán DES 0006 2019.

Ina theannta sin, cabhraíonn NCSE le múinteoirí atá ag obair le daltaí le huathachas rochtain a fháil ar chúrsaí ar leith trí Lárionad Uathachais Middletown; Ghlac 497 múinteoir páirt i seimineáir i Middletown [5] in 2019.

## Seirbhís Mhúinteora Cuairte

Tacaíonn ár múinteoirí cuairte (VTanna) le leanaí atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu nó dall/lagamhairc, agus lena dteaghlaigh. Cuirtear an tacaíocht seo ar fáil sa bhaile agus i scoileanna. Is múinteoirí cáilithe iad na VTanna a bhfuil scileanna agus eolas ar leith acu ar fhorbairt agus ar oideachas leanaí a bhfuil leibhéil éagsúla chaillteanais éisteachta agus/nó lagamhairc acu. Cuireann siad tacaíocht fhadaimseartha ar fáil do leanaí, dá dteaghlaigh agus do scoileanna ó am an atreoraithe suas go dtí deireadh an oideachais iar-bhunscoile. Tacaíonn an VT le leanaí/daoine óga, tuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí agus gairmithe eile a bhfuil baint acu leis an leanbh. I minicíocht agus cineál na tacaíochta, cuirtear san áireamh raon fachtóirí bunaithe ar riachtanais an duine aonair. Is éard atá i gceist le hobair an VT ná teagmháil a dhéanamh le daoine gairmiúla agus gníomhaireachtaí eile ar nós eolaithe éisteolaíochta, seirbhísí oftailmeolaíochta, teiripeoirí urlabhra agus teanga, speisialtóirí lagamhairc, síceolaithe, foirne luath-idirghabhála, foirne scoile, agus le tuismitheoirí.

In 2019, chuir 46 múinteoir cuairte tacaíocht ar fáil do 6,880 leanbh. Díobh seo, tá 1,296 leanbh a bhfuil Dall/Lagamhairc, agus 5,584 leanbh atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu. I dTábla 5, taispeántar suíomh oideachais nó baile na leanaí seo.

**Tábla 5: Líon na Leanaí a dtacaíonn Múinteoirí Cuairte leo de réir Suímh**

| Suíomh | Leanaí Dalla/Lagamhairc | Leanaí Bodhra/ Lagéisteachta |
|---|---|---|
| Naíonáin/réamhscoil/eile | 127 | 811 |
| Bunscoil | 515 | 2,446 |
| Iarbhunscoil | 407 | 1,613 |
| Scoil Speisialta | 247 | 714 |
| **Líon Iomlán Leanaí** | **1,296** | **5,584** |

## Seimineáir Churaclaim Teanga na Bunscoile do Scoileanna Speisialta 2019

Tar éis comhaontú idirghníomhaireachta idir an Rannóg um Oideachas Múinteora den Roinn Oideachais agus Scileanna, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus NCSE, tá NCSE ag soláthar forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí scoile speisialta i rith na bliana acadúla 2019-20, le aird ar chur i bhfeidhm de churaclam teanga na bunscoile (PLC). In 2019, thug foireann de sheisear chomhairleoir NCSE 41 seimineár do mhúinteoirí ó 84 scoil speisialta, chomh maith le seimineáir ghréasáin agus seimineáir cheannaireachta arna n-éascú ag an PDST a sholáthar.

5 Is tionscnamh oideachais Thuaidh-Theas é Lárionad Uathachais Middletown a bunaíodh in 2007 le maoiniú ón Roinn Oideachais (DE), Tuaisceart Éireann, agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), Éire.

### Tacaíocht NCSE don Straitéis Dhigiteach Náisiúnta do Scoileanna in 2019

Sa *Phlean Gníomhaíochta um Fhoghlaim Dhigiteach do Scoileanna 2019* leagadh amach sraith ghníomhaíochtaí a bheidh le seachadadh in 2019 a chuir an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-20 i bhfeidhm tuilleadh. Mar chuid de seo, chuir an NCSE treoir agus comhairle ar fáil do scoileanna maidir le conas a d'fhéadfaí teicneolaíochtaí digiteacha a leabú go cuí i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Seachadadh an gealltanas seo mar a leanas:

- Cuireadh 17 seimineár ar fáil do 139 scoil speisialta ar an gcreat foghlama digití (DLF) agus tá plean foghlama digití á fhorbairt i gcomhthéacs na suíomhanna aonair mar chuid de chomhoibriú leanúnach leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)
- Soláthraíodh 34 cuairt tacaíochta scoile (161 múinteoir) a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach agus riachtanais speisialta oideachais sa bhliain acadúil 2018-19.
- Cuireadh cúig sheimineár éagsúla a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach i láthair sa bhliain acadúil 2018-19.

## 1.5 Tionscadal Píolótach an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SIM) a chur i bhfeidhm

Cuireadh tús leis an Tionscadal Taispeána ar Thacaíocht Teiripe Luathbhlianta agus Laistigh den Scoil i 74 scoil agus i 75 suíomh luathfhoghlama agus cúraim sa réimse cúram sláinte pobail 7 (CHO7) le linn na scoilbhliana 2018-19. In Aibreán 2019, chinn an Rialtas an tionscadal a leathnú go ceann bliana eile agus an tionscadal a áireamh sa phíolótú den Samhail um Chuimsiú Scoile (SIM) nua sna scoileanna céanna don scoilbhliain 2019-20.

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na Samhla um Chuimsiú Scoile a thosaigh i Meán Fómhair 2019:

- Samhail nua leithdháilte réamhlódála do chúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna). Baineadh úsáid as córas próifílithe do theagasc oideachais speisialta chun acmhainní a leithdháileadh, ag briseadh an nasc leis an ngá le measúnú. Áireofar meicníocht achomhairc chun déileáil le cásanna eisceachtúla i scoileanna.
- Leathnaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) chun tacaíocht níos déine a sholáthar. Earcaíodh síceolaithe breise don phíolótach, agus leis sin tugtar rochtain níos fearr ar an raon iomlán tacaíochtaí laistigh den scoil do scoláirí a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu.
- Tabharfar clár oiliúna náisiúnta nua do CRSanna. Beidh sé deartha chun na scileanna agus an t-eolas a thabhairt dóibh chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu a eascraíonn as deacrachtaí suntasacha míochaine, fisiciúla, mothúchánacha/iompraíochta, céadfacha, cumarsáide agus deacrachtaí suntasacha eile atá ina mbacainn dóibh a bheith rannpháirteach i saol na scoile. Le linn na hoiliúna, cuirfear béim ar an ngá atá ann do scoláirí neamhspleáchas agus athléimneacht a fhorbairt.

- Forbrófar seirbhís altranais náisiúnta nua do leanaí a bhfuil riachtanais mhíochaine casta acu i scoileanna. Tá grúpa pleanála trasghníomhaireachta le bunú chun scóip na scéime a fhorbairt, nós imeachta iarratais a fhorbairt do scoileanna agus pleanáil don chaoi a gcuirfear an tseirbhís ar fáil. Comhlánóidh an tseirbhís nua an soláthar a chuirtear ar fáil faoi láthair, trí sheirbhísí pobalbhunaithe.
- Bunófar foireann tacaíochta réigiúnach do scoileanna sa scéim phíolótach faoi choimirce an NCSE. Cuimseoidh an fhoireann ceathrar teiripeoir urlabhra agus teanga, beirt theiripeoir saothair agus ceathrar cleachtóirí tacaíochta iompraíochta. Tabharfaidh 19 teiripeoir urlabhra agus teanga breise agus 12 teiripeoir saothair breise tacaíochtaí laistigh de scoileanna.
- Comhairliúchán le scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí.

Tá treoirlínte eisithe do na scoileanna píolótacha maidir le leithdháileadh réamh-luchtaithe tacaíochta CRS do scoláirí a chur i bhfeidhm tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara agus tá obair ar athruithe breise comhaontaithe ar bun.

## Nuashonrú Gníomhaíochta

Tá 267 cúrsa oiliúna curtha ar fáil ag teiripeoirí tionscadail taispeána do na scoileanna tionscadail agus d'ionaid luathbhlianta sa bhliain féilire 2019:

- 23 cúrsa seachtracha (bhí gach cúrsa ar feadh tréimhse 1-3 lá)
- 244 cúrsa inmheánach (roinnte ina mbloic de leath lae agus lá iomlán)
- Cuireadh oiliúint agus meantóireacht ar fáil do bhaill foirne scoileanna agus luathfhoghlama agus cúraim maidir le cláir agus idirghabhálacha chun acmhainn a fhorbairt sna scoileanna agus sna suíomhanna.
- Mar chuid de mhúnla tacaíochta ilsrathach an tionscadail, tugadh tacaíocht don líon seo a leanas de scoláirí ar leibhéal grúpa agus aonair:
- Tacaíocht ghrúpa spriocdhírithe (Sraith 2) – 2,101 scoláire
- Dian-thacaíocht ar bhonn aonair (Sraith 3) – 556 scoláire

Tá an tacaíocht seo sa bhreis ar an tacaíocht do ranganna iomlána (scoileanna) agus seomra (Ionad Luathfhoghlama [IL]) a chuirtear ar fáil do scoláirí ag leibhéal grúpa/ranga iomláine uilíoch.

Ba iad teiripeoirí urlabhra agus teanga an tionscadail (TUTanna) agus teiripeoirí saothair (TSanna) a d'fhorbair raon leathan acmhainní teagaisc agus foghlama do scoileanna agus do ELCanna de réir an tionscadail TUT agus creataí TS agus curaclaim náisiúnta.

Tá prótacail idirchaidrimh agus comhoibrithe fhoirmiúla bunaithe idir FSS/seirbhísí arna maoiniú ag FSS; Síceolaithe NEPS; Coistí agus teiripeoirí cúram leanaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) atá rannpháirteach sa tionscadal taispeána. Tá na prótacail á dtástáil faoi láthair agus tabharfar bonn eolais leo, maidir le hidirchaidreamh agus obair chomhoibritheach amach anseo idir seirbhísí FSS agus RLGO, TUTanna, TSanna agus síceolaithe.

Seachadadh clár oiliúna dhá lá do CRSanna go déanach i mí Lúnasa 2019 mar chuid den tionscadal SIM. D'fhreastail 155 CRS san iomlán ó 20 scoil a raibh baint acu leis an tionscadal taispeána. Leis an aiseolas a fuarthas ó na rannpháirtithe, tabharfar bonn eolais d'fhorbairtí breise clár maidir le CRSanna. I mí na Samhna 2019, cuireadh próiseas tairisceana i bhfeidhm don oiliúint seo ar bhonn náisiúnta.

## 1.6 Gradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2019

Rinne an NCSE urraíocht ar dhámhachtain speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2019. Bronntar an gradam ar an dtionscnamh is fearr a léiríonn feasacht is tuiscint ar leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus/nó a bhfuil tionchar díreach ar an saol acu.

I mbliana, bronnadh gradam speisialta NCSE ar Ruairi Mullally agus Justin Cunningham ó Mheánscoil Patrician, An Droichead Nua, Co. Chill Dara. Ba é "Aistritheoir Braille In-athúsáidte" an teideal a bhí ar thionscadal na foirne a bhuaigh.




Teresa Griffin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ag bronnadh Gradam NCSE ar Ruairi Mullally agus Justin Cunningham, Meánscoil Patrician, An Droichead Nua, Co. Chill Dara, as a dtionscadal "Aistritheoir Braille In-athúsáidte".

# Sprioc Straitéiseach 2

## Clár taighde a sholáthar a shainaithníonn príomhcheisteanna, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus bonn fianaise chun tacú le hobair an NCSE agus torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

# Sprioc Straitéiseach 2

**Clár taighde a sholáthar a shainaithníonn príomhcheisteanna, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus bonn fianaise chun tacú le hobair an NCSE agus torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**

## 2.1 Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag an dtaighde chun ár n-eolas a chur chun cinn, ár dtuiscint a fheabhsú agus bonn fianaise a ghiniúint maidir le raon saincheisteanna oideachais speisialta. Leis seo, ligtear dúinn comhairle beartais bunaithe ar fhianaise a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna, chomh maith leis an bhfaisnéis oideachais speisialta is déanaí a scaipeadh ar na pobail taighde, beartais agus cleachtais. Leanadh den obair ar thionscadail taighde in 2019, lena n-áirítear sraith taighde a bhaineann leis an gcomhairle beartais ar scoileanna speisialta agus ranganna speisialta, an t-athbhreithniú ar sholáthar oideachais i seirbhísí lae d'aosaigh, agus an mheastóireacht ar an tionscadal taispeána teiripe laistigh den scoil agus réamhscoile. Le linn 2019 d'fhreagraíomar iarratais iomadúla ar fhaisnéis ar staidrimh, sonraí taighde agus tuarascálacha a bhaineann le riachtanas oideachais speisialta.

Sa chuid seo, tugtar forbhreathnú ar ár dtuarascálacha taighde a foilsíodh le linn 2019, ár gcuid oibre taighde leanúnach agus meastóireacht nua-choimisiúnaithe ar SIM. Agus mar chur i gcrích, tá achoimre ar ár gcomhdháil taighde, a tionóladh i mí na Samhna 2019.

In 2019, rinneamar dul chun cinn ar ár dtaighde inmheánach chun tacú le forbairt na comhairle beartais, chomh maith le dhá thionscadal taighde eile agus rinneamar staidéar nua a choimisiúnú.

## 2.2 Ár bhFoilseacháin

### Oideachas Tosaigh um Imeascadh do Mhúinteoirí: Tuarascáil Deiridh




Ba é staidéar domhanfhaid ceithre bliana é an tOideachas Tosaigh um Imeascadh do Mhúinteoirí (ITE4I) ina ndearnadh scrúdú ar thionchar na n-athruithe ar oiliúint mhúinteoirí in Éirinn maidir le hoideachas a thabhairt do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a mhúineadh. Leanann an staidéar na múinteoirí ó bhliain deiridh an chlár ITE go dtí deireadh an dara bliana ar chaith siad mar mhúinteoir cáilithe.

Sa taighde, tugadh faoi deara roinnt torthaí tábhachtacha, lena n-áirítear an ról lárnach atá ag comhthéacs agus cultúr na scoile i bhforbairt de mhúinteoirí nua-cháilithe (MNCanna) mar mhúinteoirí cuimsitheacha. Bhí éagsúlacht mhór sa raon eispéireas a bhí acu agus ar an gcaoi a mheas siad an tacaíocht ar tugadh dóibh le linn na céime luaithe dá bpost. Is minic a thuairiscigh MNCanna neamhréiteach braite idir an bhéim ar theagasc uilechuimsitheach a mholtar i gcláir OTM, agus na cleachtais agus na comhthéacsanna a chonaic siad i scoileanna. Tá an cur chuige a úsáideann scoileanna maidir le teagasc uilechuimsitheach agus an chaoi a thugann siad tacaíocht do MNCanna, trí thacaíocht agus treoir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lárnach dá bhforbairt mar mhúinteoirí cuimsitheacha.

Aimsíodh freisin toradh eile gur mhothaigh tromlach na MNCanna ina gcéad bhliain de theagasc go ndearna a gclár OTM difríocht do na torthaí acadúla dá gcuid scoláirí. Mar sin féin, thuairiscigh siad gurb iad na dúshláin ba mhó a bhí acu ná déileáil le hiompraíochtaí dúshlánacha, na héilimh ama a theastaíonn le haghaidh difreála a bhainistiú, agus oibriú le cúntóirí riachtanas speisialta, gairmithe eile agus tuismitheoirí. Le himeacht ama, cabhraíonn an taithí le MNCanna cuid de na dúshláin seo a shárú ach mhothaigh siad neamhullmhaithe maidir le plé a dhéanamh le tuismitheoirí agus le gairmithe seachtracha agus ba chinneadh comhsheasmhach é seo sna foinsí sonraí uile sa staidéar.

## 2.3 Taighde Leanúnach ar bun le linn 2019

### Sraith Taighde a Bhaineann leis an gComhairle Bheartais maidir le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta

Mar thacaíocht do chomhairle beartais a fhorbairt don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le soláthar oideachais do scoláirí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta, thugamar faoi roinnt saothar taighde agus chuamar i dteagmháil le comhghleacaithe i gCigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar roinnt eile. Tá an dul chun cinn a rinneadh orthu le linn 2019 leagtha amach thíos.

- Athbhreithniú ar an bhfianaise taighde a bhaineann le roinnt gnéithe éagsúla de sholáthar oideachais i suíomhanna speisialta agus uilechuimsitheacha. Go sonrach, i dtaca leis an ngné seo den obair, rinneadh taighde ar litríocht acadúil a foilsíodh idir

Eanáir 2000 agus Meitheamh 2019 agus féachann sí le fianaise ar thorthaí agus ar eispéiris a aithint do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó nach bhfuil.

- Athbhreithniú tras-tíre ar an gcaoi a gcuirtear soláthar speisialtóra ar fáil i riaracháin eile. San athbhreithniú, déantar scrúdú ar an gcaoi a gcuirtear socrúchán agus tacaíocht speisialtóra ar fáil, conas a dhéantar é a leithdháileadh, a sheachadadh agus a athbhreithniú, agus na torthaí atá ann do na scoláirí de bharr na tacaíochta sin
- Athbhreithniú ar thart ar 250 tuarascáil ghairmiúil a úsáideadh mar bhunús chun áiteanna i scoileanna speisialta nó ranganna speisialta a leithdháileadh do scoláirí.

Cé gur aimsíodh roinnt fianaise le linn na taighde seo, tá ganntanas ann maidir le staidéir foilsithe ar ardchaighdeán dírithe ar thorthaí. Ina theannta sin, cé go soláthraíonn gach riarachán a d'fhreagair ár suirbhé cineál éigin soláthair speisialtóra ar nós scoileanna speisialta agus/nó ranganna speisialta, tá easpa sonraí riaracháin ar fáil maidir le na torthaí atá ann do scoláirí a fhaigheann rochtain ar an gcineál tacaíochta seo.

## Athbhreithniú ar Sholáthar Oideachais i Seirbhísí Lae d'Aosaigh

Tá an taighde seo dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar sholáthar oideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil i seirbhísí lae d'aosaigh arna soláthar agus/nó arna maoiniú ag Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS). Tá roinnt codanna sa staidéar, lena n-áirítear: athbhreithniú ar threoirlínte beartais agus cleachtais ar sholáthar oideachais i seirbhísí comhchosúla thar lear; suirbhé ar sholáthraithe seirbhíse lae d'aosaigh in Éirinn ar a gcuid gníomhaíochtaí; agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála; agus obair cháilíochtúil dhomhain i mbreis agus 20 láithreán ar fud na hÉireann, lena n-áirítear labhairt le daoine fásta faoi mhíchumas faoina dtaithí oideachasúla sna seirbhísí seo, chomh maith le teagmháil a dhéanamh le foireann na seirbhíse, bainistíocht agus scrúdú a dhéanamh ar chleachtas.

Foilseofar an tuarascáil in 2020 agus tá roinnt torthaí tugtha faoi deara, lena n-áirítear: easpa aon chreata dea-chleachtais ar bhonn náisiúnta nó dirnáisiúnta maidir le hoideachas do dhaoine fásta faoi mhíchumas sna seirbhísí seo; an raon leathan soláthair a tharlaíonn i seirbhísí lae agus é mar aidhm aige cur le foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil; an gá atá le rochtain ar sholáthar príomhshrutha a fheabhsú do dhaoine fásta faoi mhíchumas i gceantair níos tuaithe; agus an gá atá le tuilleadh méadú a chur ar na naisc le fostóirí i roinnt réimsí.

## Meastóireacht ar an Tionscadal Taispeántais Tacaíochta Teiripe Laistigh den Scoil agus Réamhscoile

In 2018, choimisiúnaigh an NCSE foireann ó COC agus Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach chun an chéad bhliain den Tionscadal Taispeána Tacaíochta Teiripe Laistigh den Scoil agus Réamhscoile a mheas. Tá roinnt codanna i gceist leis an meastóireacht, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise maidir le cineálacha cur chuige srathach chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna;

dílseacht an phróisis cur chun feidhme a mheas, lena n-áirítear an chaoi ar eagraíodh, ar úsáideadh agus ar seachadadh an tseirbhís; agus na buntáistí atá ann do scoláirí, d'fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí. Sa mheastóireacht freisin, cuimsíodh obair cháilíochtúil dhomhain i 20 scoil agus seirbhís réamhscoile sa cheantar. Is éard atá i gceist leis an obair dhomhain seo ná labhairt le príomhoidí, múinteoirí, teiripeoirí, scoláirí agus tuismitheoirí faoina dtaithí ar an tionscadal. Tá sé mar aidhm ag an staidéar an fhoghlaim ón tionscadal a dhoiciméadú d'fhonn ceachtanna maidir le soláthar a aithint don todhchaí dá mba rud é go ndéanfaí tuilleadh rolladh amach. Mar chur i gcrích den staidéar agus foilseofar tuarascáil in 2020.

## 2.4 Taighde Nua

Mar chuid de bhainistíocht an NCSE ar an tSamhail um Chuimsiú Scoile, go déanach in 2019 rinneamar meastóireacht chuimsitheach ar an tionscadal a choimisiúnú. Scrúdóidh sé seo forbairt, cur i bhfeidhm agus torthaí na samhla sa scoilbhliain 2019-20, agus beidh deis ann an staidéar a leathnú go 2021. Tá an staidéar á dhéanamh ag an ESRI agus ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

## 2.5 Comhdháil Thaighde 2019

Reáchtáladh an chomhdháil bhliantúil taighde NCSE an 19 Samhain 2019 in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh. D'fhreastail níos mó ná 250 toscaire le meascán múinteoirí, daoine fásta faoi mhíchumas, tuismitheoirí, taighdeoirí, príomhoidí, lucht acadúil, ionadaithe ó ghrúpaí abhcóideachta míchumais, síceolaithe, oifigigh roinne rialtais agus oifigigh ghníomhaireachta agus ionadaithe ceardchumainn.




Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna Seán Ó Foghlú ag labhairt ag Comhdháil Taighde NCSE 2019.

Ag an gcomhdháil, rinneadh scrúdú ar théama an chuimsithe in dhá réimse ar leith. Bhí seisiúin na maidine dírithe ar oideachas múinteora maidir le cuimsiú. Chuir Peter Hick, Ollscoil Chathrach Mhanchain, agus Joe Mintz, Ollscoil Londain, torthaí i láthair ó thaighde fadaimseartha NCSE maidir le hoideachas múinteora. Ina gcur i láthair, leagadh béim ar phríomhthorthaí an staidéir lena n-áirítear tábhacht na taithí socrúcháin scoile maidir le múinteoirí nua-cháilithe a ullmhú mar mhúinteoirí cuimsitheacha, agus dúshláin an chleachtais lena n-áirítear na héilimh ama atá riachtanach le haghaidh difreála a bhainistiú agus oibriú le daoine gairmiúla agus tuismitheoirí eile. Ina dhiaidh thug Órla Ní Bhroin ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath breac-chuntas ar cad a oibríonn i bhforbairt ghairmiúil do chuimsiú.

Ag an seisiún san iarnóin breathnaíodh ar dhá chuid den domhan ag pointí éagsúla ar an turas i dtreo córas oideachais lánchuimsitheach. Bhain an chéad dá chur i láthair le soláthar i New Brunswick, Ceanada. Thug iar-Aire Oideachais New Brunswick, Jody Carr, breac-chuntas ar na hathruithe a tharla nuair a bhog sé chun oideachas a thabhairt do gach scoláire le chéile in 2013 agus na príomhcheachtanna a d'fhoghlaim iad siúd go léir a raibh baint acu le cuimsiú a chur i bhfeidhm ag an leibhéal córais. Ansin thug Kim Korotkov, stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Oideachais sa Roinn Oideachais agus Forbartha Luath-Óige i New Brunswick, breac-chuntas ar an ról atá ag grúpaí éagsúla maidir le córas oideachais lánchuimsitheach a chur i gcrích go praiticiúil. Ba é Rúnaí Stáit na Portaingéile um Oideachas João Costa a thug an cur i láthair deiridh don lá. Thug sé breac-chuntas ar na hathruithe atá ag tarlú sa Phortaingéil ó 2018 nuair a bhog sé go córas oideachais lánchuimsitheach agus labhair sé go háirithe faoin gcaoi ar tugadh tacaíocht do mhúinteoirí chun gach scoláire a mhúineadh le chéile. Ba é rúnaí ginearálta na Roinne Oideachais agus Scileanna, Seán Ó Foghlú, a chur an chomhdháil i gcrích le hóráid inar tugadh faoi deara ról agus tábhacht fianaise taighde maidir le forbairtí san oideachas speisialta agus uilechuimsitheach a threorú.




Rúnaí Stáit Oideachais na Portaingéile, João Costa, ag labhairt ag Comhdháil Taighde NCSE 2019.




Ag Comhdháil Taighde NCSE 2019 bhí Joe Mintz, Ollscoil Londain; Kim Korotkov, stiúrthóir, Seirbhísí Tacaíochta Oideachais, New Brunswick, Ceanada; João Costa, Rúnaí Stáit Oideachais, an Phortaingéil; Joe Hayes, Cathaoirleach, NCSE; Teresa Griffin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, NCSE; Jody Carr, Inclusive Education Canada; Órla Ní Bhroin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; agus Peter Hick, Ollscoil Chathrach Mhanchain.

# Sprioc Straitéiseach 3

## Comhairle beartais agus cleachtais neamhspleách, shaineolach agus eolas-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna

# Sprioc Straitéiseach 3

**Comhairle beartais agus cleachtais neamhspleách, shaineolach agus eolas-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna**


## 3.1 Réamhrá

Príomhról don NCSE is ea comhairle bheartais shaineolach, neamhspleách, eolas-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Sa chuid seo, sonraítear an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcomhairle beartais ar scoileanna speisialta agus ranganna speisialta, chomh maith lenár gcuid oibre idirnáisiúnta chun foghlaim ó ábhair oideachais speisialta agus uilechuimsitheacha i dtíortha eile agus eolas a roinnt ina leith.

## 3.2 Dul chun cinn maidir le Comhairle Beartais i dtaca le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta

Le linn 2019, rinne an NCSE dul chun cinn suntasach ar a chomhairle beartais maidir le scoileanna speisialta agus ranganna speisialta. Leanadh leis an bpróiseas fairsing, le cruinnithe comhairliúcháin le comhpháirtithe oideachais, geallsealbhóirí agus le scoláirí sa phríomhshruth agus i scoileanna speisialta. Thug baill agus foireann na Comhairle cuairt ar roinnt scoileanna príomhshrutha le agus gan ranganna speisialta, agus ar roinnt scoileanna speisialta.

I measc na snáitheanna taighde bhí: athbhreithniú leathan litríochta ina gcuimsítear roinnt réimsí a bhaineann le hoideachas i scoileanna/ranganna speisialta agus i scoileanna cuimsitheacha; athbhreithniú ar thuairiscí gairmiúla mar bhunús do shocrúchán i scoil speisialta nó i rang speisialta; athbhreithniú ar thuarascálacha cigireachta scoile speisialta arna dtáirgeadh ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta; athbhreithniú ar sholáthar ranga speisialta arna dhéanamh ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta; athbhreithniú tras-tíre ar sholáthar socrúcháin speisialtóra; agus suirbhé ar scoileanna ar úsáid a leithdháilte de mhúinteoirí oideachais speisialta (MOS).




I mí Dheireadh Fómhair 2019, chuir an NCSE tuarascáil ar dhul chun cinn ar fáil don Aire. Thugamar faoi deara go bhfuil an córas reatha ag feidhmiú go maith. Mar gheall ar mhéadú suntasach ar infhaighteacht tacaíochtaí teagaisc breise agus infheistíocht in acmhainní eile tá na scoileanna i gcoitinne ag tabhairt tacaíochta maithe do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Thug a lán múinteoirí faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun na scileanna riachtanacha a fhoglaim chun oibriú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá go leor scoileanna an-tiomanta do na scoláirí seo a chur san áireamh agus tá foirne oideachais speisialta bunaithe acu chun tacú lena gcuid oideachais sa scoil.

Chuireamar ár n-imní in iúl, áfach, faoi riocht roinnt foirgneamh scoile speisialta agus a n-oiriúnacht chun freastal ar oideachas na scoláirí a bhfuil riachtanais an-chasta acu. Níor mhothaíomar gur chóir go mbeadh ar scoláirí méideanna fada ama a chaitheamh go rialta, ag taisteal achair fhada uaireanta, chun freastal ar scoil. Chuireamar ár n-imní in iúl, gur cosúil gur annamh a dhéantar athbhreithniú ar shocrúchán i scoileanna speisialta agus/nó i ranganna speisialta, más ann dó.

Leanfaidh ár gcuid oibre in 2020 chun an chomhairle beartais a thabhairt chun críche. Agus é sin á dhéanamh, táimid ag smaoineamh ar na himpleachtaí a bhaineann le daingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), agus go háirithe dearcadh Choiste na Náisiún Aontaithe nach bhfuil córais oideachais speisialta ar leithligh comhoiriúnach lena dhearcadh ar chuimsiú. Tabharfar an tuarascáil ar chomhairle beartais chun críche in 2020.

## 3.3 Siompóisiam NCSE maidir le hOideachas Ionchuimsitheach

I mí an Mhárta, d'óstáil an NCSE siompóisiam ar oideachas ionchuimsitheach ag staidiam Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Thug toscaireacht de thriúr cainteoirí as New Brunswick, Ceanada, a bhfuil baint acu le hearnáil an oideachais ansin, cur i láthair ar oideachas uilechuimsitheach do 65 aoi ina raibh páirtithe leasmhara oideachais agus roinnt ball foirne NCSE ina measc.

Chinn New Brunswick roinnt blianta ó shin pleanáil ghníomhach a dhéanamh chun gach leanbh a chuimsiú go hiomlán, beag beann ar a gcumas, a gcreideamh, a eitneachas nó a gcúlra sóisialta, isteach i scoileanna príomhshrutha. Faoi láthair níl aon scoileanna speisialta ná ranganna speisialta ag New Brunswick. Freastalaíonn gach scoláire ar a scoil áitiúil, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil na riachtanais foghlama, na míchumais agus na hiompraíochtaí dúshlánacha is casta acu.

Roinn na cainteoirí a dtaithí agus a bpeirspictíochtaí ar na gaiscí, na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le ionchuimsiú iomlán i scoileanna. Ina dhiadh sin, bhí seisiún díospóireachta inar tugadh deis do na páirtithe uile a gcuid smaointe ar an ábhar a roinnt.

## 3.4 Saothar Idirnáisiúnta

### Cuairt an NCSE agus ROS ar an bPortaingéil chun Staidéar a dhéanamh ar a gCóras Oideachais Ionchuimsitheach

Tar éis athbhreithnithe agus comhairliúcháin ollmhóire thar thréimhse 18 mí, thug an Phortaingéil dlí nua isteach in 2018 chun tacú le rochtain agus cuimsiú uilíoch do chách mar a shamhlaítear faoin UNCRPD.

Thug toscaireacht ó NCSE agus an ROS cuairt ar an bPortaingéil idir an 21 agus an 24 Deireadh Fómhair 2019 chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar tugadh na hathruithe seo isteach agus ar an gcaoi a bhfuil an córas ag obair ann.

Tá córas na Portaingéile eagraithe i mbraislí scoile atá comhdhéanta de líon agus cineálacha éagsúla scoileanna. Déanann príomhoide amháin gach braisle a bhainistiú agus a riaradh.

Thug an toscaireacht cuairt ar thrí scoil thar dhá bhraisle scoile éagsúla agus ar cheathrú scoil nach raibh mar chuid de bhraisle. Áiríodh i gcuairt scoile amháin plé le tuismitheoirí. Ina theannta sin, thug an toscaireacht cuairt ar ionad acmhainní um ionchuimsiú.

Fuarthas go raibh dul chun cinn an-suntasach déanta ag an bPortaingéil maidir le córas a fhorbairt ina gcuimsítear gach scoláire ina scoileanna comharsanachta áitiúla.



Toscaireacht NCSE-ROS a thug cuairt ar an bPortaingéil. Chun tosaigh, clé-dheis: Dalton Tattan (Rúnaí Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna), Mary Byrne (Ceann an Oideachais Speisialta, NCSE), Maria José Saragoça (Ard-Stiúrthóireacht Oideachais, an Phortaingéil), Teresa Griffin (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, NCSE), Anne Tansey (Stiúrthóir de NEPS agus ball de Chomhairle NCSE).

Ar chúl, clé-dheis: Brendan Doody (Príomhchigire Cúnta, ROS), Eddie Ward (Príomhoifigeach, ROS) agus Joe Hayes (Cathaoirleach, NCSE).



Toscaireacht NCSE agus ROS ag tabhairt cuairte ar Bhraisle Scoile Fernando Casimiro Pereira da Silva, Rio Maior, an Phortaingéil.

Toscairí NCSE agus DES ag bualadh le tuismitheoirí de scoláirí a bhfuil riachtanais chasta acu agus atá ag freastal ar scoil Ealaíne Antonio Arroio i Liospóin.



## Cuidíonn Baill Foirne NCSE leis tSeoirsia chun Córas Oideachais Speisialta a Fhorbairt

Fuair an NCSE iarratas ón ambasáid Seoirseach ar chomhairle maidir lena gcóras oideachais speisialta a fhorbairt, atá ag céim luath dá fhorbairt. Thug baill foirne NCSE cuairt chomhairleach d'údaráis oideachais na Seoirsia idir an 1 agus an 3 Deireadh Fómhair, 2019.

D'aimsigh an toscaireacht go raibh an dul chun cinn á dhéanamh maidir le oideachas ionchuimsitheach a fhorbairt mar gheall ar infheistíocht shuntasach ón rialtas idir tacaíochtaí agus go leor athruithe reachtaíochta, dearcaidh agus riaracháin.

Aimsíodh go raibh an tír ag bogadh i dtreo ionchuimsithe fheabhsaithe a bhaint amach agus moladh nach mór don Seoirsia anois ráiteas soiléir a fhorbairt ar a beartas maidir le hionchuimsiú na scoláirí uile san oideachas agus plean gníomhaíochta a ghabhann leis chun an beartas seo a bhaint amach. Luadh freisin gur chóir lucht saothair inniúil, cáilithe agus muiníneach a fhorbairt chun tacú leis na hathruithe seo.

Cuireadh chuig rialtas na Seoirse, oifigeach a sheoladh go hÉirinn in 2020 chun breathnú ar chóras oideachais na hÉireann, chun cuairt a thabhairt ar scoileanna agus chun bualadh le príomhoidí, múinteoirí, mic léinn agus páirtithe leasmhara eile in oideachas na hÉireann.

## An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach

I mbliana, lean an NCSE ag tacú le hobair na Gníomhaireachta Eorpaí um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach (EASNIE). Is eagraíocht neamhspleách í an ghníomhaireacht a fheidhmíonn mar ardán comhoibrithe dá balltíortha, ag obair i dtreo córais oideachais níos ionchuimsithí a chinntiú. Tá béim láidir curtha aige ar bhonn fianaise a thógáil trí thaighde agus chomhoibriú ar fud a bhalltíortha chun a chuid oibre a threorú.

Le linn 2019, bhain an NCSE leas as obair EASNIE agus chuir sé le hobair EASNIE tríd an méid seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh ag obair le baill ionadaíocha an bhoird agus le comhordaitheoirí náisiúnta ar obair thaighde chun tacú le forbairt ár gcomhairle beartais ar scoileanna speisialta agus ranganna speisialta;
- Taighde a fhoilsiú ar oideachas tosaigh múinteora lena chuimsiú a d'úsáid próifíl EASNIE de mhúinteoirí uilechuimsitheacha mar phríomh-thagairt agus mar thagarmharc don taighde. Rinne sé seo obair na gníomhaireachta a scaipeadh tuilleadh ar pháirtithe leasmhara an NCSE agus ar thomhaltóirí taighde;
- Faisnéis a sholáthar ar oideachas speisialta agus uilechuimsitheach in Éirinn do EASNIE agus do bhallstáit aonair.

# Sprioc Straitéiseach 4

## Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le dea-cleachtas san oideachas agus san oiliúint do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

# Sprioc Straitéiseach 4

**Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le dea-cleachtas san oideachas agus san oiliúint do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**

## 4.1 Réamhrá

Faoin Acht EPSEN áirítear i ról an NCSE athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar do dhaoine faoi mhíchumas chun leas a bhaint as soláthar breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna tar éis dóibh an scoil a chríochnú.

## 4.2 Oideachas Aosach agus an Straitéis Fostaíochta Cuimsithí (CES) do Dhaoine faoi Mhíchumas (2015-24) Pleanáil Idirthréimhseach

Is cur chuige tras-rialtais é an tOideachas Aosach agus an Straitéis Fostaíochta Cuimsithí (CES) a thugann le chéile gníomhartha ó Ranna agus gníomhaireachtaí stáit éagsúla, lena n-áirítear an NCSE, mar iarracht chomhbheartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na dúshláin a théann i bhfeidhm ar fhostaíocht daoine faoi mhíchumas.

Sprioc amháin de scileanna, acmhainn agus neamhspleáchas a thógáil do dhaoine óga faoi mhíchumas is ea tiomantas FSS agus NCSE clár aistrithe a fhorbairt chun freastal ar a gcuid riachtanas agus iad ag fágáil na scoile agus ag dul ar chonair ghairme.

Tháinig an NCSE agus FSS le chéile agus chomhaontaigh siad plean oibre chun an fhorbairt d'aistriú éifeachtach a chur chun cinn chun samhail aistrithe níos iomlánaíche a áireamh. Tionóladh comhcheardlann aistrithe FSS/NCSE an 21 Bealtaine 2019 in Óstán an Midlands Park, Port Laoise, ar an téama de thacaíocht a thabhairt do scoláirí aistriú ón scoil go hoiliúint athshlánaithe. D'fhreastail cúigear duine is seachtó ar an gceardlann ina raibh múinteoirí, ORSOnna, príomhoidí scoile, oifigigh na Roinne Sláinte, oifigigh treorach ceirde agus bainisteoirí míchumais.

Chomhaontaigh an grúpa tionscadail aistrithe ar fhiúntas an cur chuige iomlánaíoch i leith an aistrithe a iniúchadh. Chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh, beidh ar an ngrúpa ionadaithe ó na gníomhaireachtaí/Ranna eile a ionchorprú.

Tá cruinniú den ghrúpa maoirseachta athdhéanta le hionadaithe breise ó SOLAS, na Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta (DEASP) le tionóil go luath in 2020 chun plean oibre agus amlínte athbhreithnithe a chomhaontú.

# Sprioc Straitéiseach 5

## Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chomhlíonann na riachtanais dhlíthiúla agus chorparáideacha go léir agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú le tuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal i gcoitinne

# Sprioc Straitéiseach 5

**Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chomhlíonann na riachtanais dhlíthiúla agus chorparáideacha go léir agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú le tuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal i gcoitinne**

## 5.1 Réamhrá

In 2019, lean an NCSE ag forbairt ár n-eagraíochta lena chinntiú go n-oibrímid go héifeachtach agus i gcomhréir lenár riachtanais reachtúla, rialála agus rialachais go léir. Príomhról don NCSE is ea faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí, do scoileanna agus dár bpáirtithe leasmhara uile ar ábhair a bhaineann le hoideachas speisialta. Le linn na bliana, leanamar ar aghaidh ag idirghníomhú lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trínár bhfoireann, trinár suíomh Gréasáin agus trí na meáin shóisialta. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar ár gcuid gníomhaíochtaí sna réimsí seo i rith na bliana.

## 5.2 Tuilleadh Forbartha ar Struchtúr Bainistíochta Eatramhach an NCSE

Lean an NCSE lena chuid oibre in 2019 chun foireann agus tacaíochtaí seirbhísí oideachais speisialta a d'aistrigh chuige i mí an Mhárta 2017 a chomhtháthú.[6] Cuid lárnach den obair seo ba ea deich bhfoireann a bhunú ar fud cúig réigiún a chlúdaíonn an tír uile. Anois, comhcheanglaíonn gach foireann saineolas SENOnna, múinteoirí cuairte agus comhairleoirí chun freastal ar riachtanais na scoláirí, scoileanna agus teaghlaigh agus é mar aidhm torthaí na scoláirí a fheabhsú. Faigheann na baill foirne seo tacaíocht ó cheannairí foirne eatramhacha agus tá bainisteoir eatramhach ag gach réigiún. Nuair a fuarthas cead foirmiúil DES, fógraíodh comórtais in 2019 chun poist an cheannaire foirne agus an bhainisteora réigiúnaigh a líonadh ar bhonn buan.

Is éard a bhí i gceist leis an obair seo freisin rannán beartais agus cleachtais a bhunú san eagraíocht. Cé go gcoinníonn an chuid seo béim láidir agus fhadbhunaithe NCSE ar chomhairle beartais a fhorbairt, tá sé freagrach anois freisin as forbairt chleachtais ar fud na heagraíochta, le ceannairí speisialaithe a cheapadh chun tacú leis an obair seo. Líonadh post amháin de Cheannaire Speisialtóra ar bhonn buan agus fógraíodh comórtas chun na trí fholúntas a bhí fágtha a líonadh i dtreo dheireadh na bliana. Ag an bpríomhoifig, tá gníomhaíochtaí TF agus airgeadais na n-iar-eagraíochtaí comhtháite go hiomlán leis an NCSE.

Bíonn dúshláin ann i gcónaí nuair a bhíonn athrú suntasach á chur i bhfeidhm in aon eagraíocht. I gcás NCSE áiríodh orthu eagraíochtaí a thabhairt le chéile lena gcultúir agus a gcleachtais oibre ar leith féin agus ag an am céanna a gcaighdeáin arda seachadta seirbhíse a choinneáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus dá dteaghlaigh agus do scoileanna.


6 An tIar-Sheirbhís Tacaíochta Speisialta Oideachais (SESS), an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS) agus an tSeirbhís do Mhúinteoirí Cuairte.

## 5.3 Faisnéis do Thuismitheoirí

Gach bliain, seachadann ár n-eagraithe riachtanas oideachais speisialta (ERSOnna) clár faisnéise do thuismitheoirí an NCSE. Tá sé mar aidhm leis seo tuismitheoirí agus caomhnóirí a chur ar an eolas faoi leanaí atá ag tosú ar scoil faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí oideachais atá ar fáil ina gceantar féin. Freagraíonn ERSOnna freisin aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus dáileann siad an raon leathan bileoga faisnéise agus leabhráin NCSE dóibh.

In 2019, sheachaid ERSOnna 32 seisiún faisnéise do thuismitheoirí do bheagnach 630 tuismitheoir. Bhí tuismitheoirí an-dearfach arís ina n-aiseolas chuig SENOnna ar na seisiúin agus ar an ábhar a cuireadh ar fáil.

D'fhoilsigh an NCSE dhá leabhrán faisnéise freisin chun tacú le tuismitheoirí: leabhrán faisnéise ginearálta do thuismitheoirí leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; agus Faisnéis do Thuismitheoirí Leanaí agus Daoine Óga atá Bodhar-dall/a bhfuil Caillteanas Déchéadfach acu. Tá an dá leabhrán ar fáil ar shuíomh Gréasáin NCSE.





### Leabhrán Faisnéise do Thuismitheoirí Leanaí agus Daoine Óga le Riachtanais Oideachais Speisialta

Sa leabhrán seo, tugtar faisnéis do thuismitheoirí ar an raon iomlán tacaíochtaí oideachais atá ar fáil i scoileanna do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus tugtar freagra do cheisteanna tábhachtacha a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí/caomhnóirí faoi oideachas a linbh.

Forbraíodh é i gcomhairle le scoileanna, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile agus tá sé dírithe ar fholláine agus ar mhaithe le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

An tAire Stáit Ardoideachais Mary Mitchell O'Connor ag seoladh comheabhráin an NCSE-Ionad Anne Sullivan






### Faisnéis do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga atá Bodhar-dall/le Caillteanas Déchéadfach

Forbraíodh an bróisiúr seo mar chomhoibriú idir an Ionad Anne Sullivan agus an NCSE agus sheol an tAire Stáit um Ard-Oideachas Mary Mitchell O'Connor é go hoifigiúil an 24 Deireadh Fómhair 2019 mar chuid den Ceiliúradh 30-Bliain den Ionad Anne Sullivan. Chuir an tAire O'Connor béim ar thábhacht an leabhráin mar uirlis thábhachtach d'aon tuismitheoir atá in ann é a thabhairt chuig a bpríomhoide scoile áitiúil nuair a bhíonn a leanaí ag tosú ar scoil.

## 5.4 Cosaint Sonraí

I gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), d'fhoilsigh an NCSE ráiteas iomlán um chosaint sonraí ar ár suíomh Gréasáin ag http://www.ncse.ie/ncse-data-protection. Leagtar amach ann conas a bhailíonn an NCSE sonraí pearsanta, conas a úsáidtear iad agus conas is féidir le daoine idirghníomhú leis an NCSE faoi na sonraí.

In 2019 phróiseálamar dhá iarratas ar rochtain ar shonraí de réir na rialachán.

## 5.5 Fóram Comhairleach

Is fóram é an Fóram Comhairleach, a ceapadh faoin Acht EPSEN, a mbíonn an NCSE ag plé leis maidir le cúrsaí oideachais speisialta. Ceapann an Chomhairle suas le 17 ball tar éis próiseas comhairliúcháin forordaithe. Ina theannta sin, ceapann an tAire triúr ball. Ceapadh fóram comhairleach nua in 2019 agus den chéad uair tá ball den Chomhairle mar chathaoirleach ar an bhfóram – Leas-Chathaoirleach an NCSE, Don Mahon. Ceapadh baill an fhóraim ó Iúil 2019 agus rachaidh a dtéarma in éag ag deireadh mhí na Nollag 2022.

Tháinig an fóram le chéile uair amháin, i mí Dheireadh Fómhair 2019 nuair a ionduchtaíodh é ina ról. Rinneadh ansin ról scoileanna agus ranganna speisialta in Éirinn a phlé, seirbhísí tacaíochta NCSE agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta na nDaoine faoi Mhíchumas.

Tá ballraíocht an fhóraim agus tinreamh ag cruinniú 2019 liostaithe i dtábla 6 thíos.

**Tábla 6: Ballraíocht agus Tinreamh Fóraim Chomhairlí an NCSE in 2019**

| Comhaltaí Ceaptha ag an gComhairle | | Tinreamh |
|---|---|---|
| **Fidelma Brady** | Oifigeach oideachais, Siondróm Down Éireann | 0 |
| **Feargal Brougham** | Uachtarán Chumann Múinteoirí Éireann (INTO) | |
| **Miriam Colum** | Léachtóir le Riachtanais Speisialta Oideachais, Institiúid Oideachais Marino | 1 |
| **Marina Cusack** | Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais i mBunscoil | 1 |
| **Lorraine Dempsey** | Cathaoirleach ar Ionchuimsiú Éireann | 1 |
| **Ciarán Finlay** | Comhairleoir Beartais agus Gnóthaí Poiblí, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) | 1 |
| **Padraig Flanagan** | Príomhoide d'iarbhunscoil | 1 |
| **Margaret Flood** | Oifigeach Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) | 0 |
| **Martin Gallen** | Síceolaí Oideachais Sinsearach, Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall | 1 |
| **Paddy Greally** | Bainisteoir Seirbhísí Leanaí atá ar scor, Bráithre na Carthanachta | 1 |
| **Ann Higgins** | Príomhoide de scoil speisialta | 1 |
| **Patricia McCarthy** | Foireann Taighde um Ionchuimsiú san Oideachas agus sa tSochaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 1 |
| **Anne Melly** | Speisialtóir Míchumais, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) | 1 |
| **Anna Ní Chartcair** | Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais, bunscoil sa Ghaeltacht | 1 |
| **Gerard O'Carroll** | Léachtóir le hIonchuimsiú, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí | 1 |
| **Tracie Tobin** | Príomhoide de bhunscoil DEIS | 1 |
| **Madeline Hickey** | Ceannaireacht, Forbairt Beartais agus Cleachtais, Chéadfach NCSE | 1 |
| **Christine Chapple** | Síceolaí Sinsearach, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) | 1 |
| **Catriona Hanevy** | Príomhoifigeach Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna | 1 |
| **Paul Stevens** | Príomh-Chigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna | 1 |

## 5.6 Rialachas

### Bainistíocht Feidhmíochta

Clúdaítear an tréimhse 2017-21 i Ráiteas Straitéise an NCSE. D'fhorbair agus cheadaigh an Chomhairle plean oibre bliantúil do 2019 bunaithe ar an straitéis i mí na Nollag 2018 agus rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn, in éineacht le rioscaí gaolmhara ar bhonn ráithiúil. Rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil ar ár gclár riosca 2018 freisin agus chomhaontaigh an Chomhairle clár riosca nuashonraithe do 2019 ar mholadh an Choiste Iniúchta agus Riosca.

### Cuntais Bhliantúla

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais bhliantúla an NCSE agus, tar éis iniúchta, cuirtear faoi bhráid an Aire iad agus ansin cuirtear os comhair an Oireachtais iad agus foilsítear iad ar shuíomh Gréasáin NCSE.

Táthar ag súil go gcuirfear cuntais bhliantúla 2019 faoi bhráid an Aire i Meitheamh 2020 go dtí go mbeidh an t-iniúchadh críochnaithe.

Cuirtear na cuntais bhliantúla i láthair agus foilsítear iad ar leithligh ón tuarascáil seo.

### Dearbhú de Chomlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mLúnasa 2016 glactha ag an NCSE. Ceanglaítear ar gach gníomhaireacht a riachtanais iomlána a chomhlíonadh. Sonraítear in Aguisín 1 na dearbhuithe ar chomhlíonadh NCSE leis an gcód.

### An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Is oifigeach poiblí ainmnithe é príomhfheidhmeannach an NCSE faoin Acht seo.

## 5.7 Comhairle an NCSE

Is í Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an t-údarás rialachais don NCSE Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht EPSEN, 2004. Tháinig deireadh le téarma oifige na Comhairle ar an 31 Nollaig 2018. D'athcheap an tAire cúigear comhaltaí den Chomhairle a bhí incháilithe don dara téarma an 21 Nollaig, 2018 agus astu sin, ceapadh Joe Hayes mar an Chathaoirleach ainmnithe. Thug an tAire ceapachán an Chathaoirligh chun críche an 19 Feabhra 2019 agus ceapadh ochtar ball nua ar an gComhairle ar an lá céanna.

Rachaidh téarma oifige an Chathaoirligh agus gnáth-chomhaltaí na Comhairle in éag an 31 Nollaig 2022.

Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in Alt 20 den Acht. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tá a chuid oibre agus freagrachtaí leagtha amach san Acht EPSEN agus sa Treoir um Rialachas Corparáideach do Chomhaltaí na Comhairle, ina leagtar amach go sonrach ábhair atá curtha in áirithe don Chomhairle. Tugtar breac-chuntas breise ar ghnó agus ar dhualgais na Comhairle i dtéarmaí tagartha agus buanorduithe na Comhairle. I measc na n-ábhar seasta a bhíonn faoi bhráid na Comhairle tá:

- dearbhú leasanna
- tuairiscí ó choistí
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuairisc ar fheidhmíocht
- ábhair fhorchoimeádta, agus
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann le NCSE

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhainistíonn agus a rialaíonn go ginearálta foireann, riarachán agus gnó na Comhairle mar atá leagtha amach in alt 24 den Acht EPSEN. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil an NCSEmar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise arna fhormheas ag an gComhairle (2017-21).

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú don eagraíocht. Soláthraítear dearbhú go dtugtar sna ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht agus seasamh airgeadais an NCSE in 2019 i gcuntais bhliantúla iniúchta an NCSE a fhoilsítear ar leithligh.



Comhairle NCSE 2019-22 leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin: Ar chúl (ó chlé): Eamon Clavin, Anne Tansey, Peter Archer, Antoinette Nic Gearailt, Dharragh Hunt, Pat Goff agus Don Mahon.

Chun tosaigh (ó chlé): Teresa Griffin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin; Áine Lynch, Joe Hayes, Cathaoirleach), Deirbhile Nic Craith, Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Eileen Daly. Intilse: Carol Cuffe.

Mar a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar a feidhmíocht agus ar fheidhmíocht a coistí i rith na bliana.

Tháinig an Comhairle le chéile sé huaire i rith 2019. Tugtar sonraí faoi bhaill aonair agus faoina dtinreamh sa tábla seo a leanas.

**Tábla 7: Ballraíocht agus Tinreamh na Comhairle NCSE in 2019**

| Ainm | Sonraí | Tinreamh |
|---|---|---|
| **Joe Hayes,* Cathaoirleach** | Iar-Ambasadóir na hÉireann chun na Síne, na Danmhairge agus na hÍoslainne, chun Poblacht na Seice agus chun na hÚcráine agus chun Singeapór, na Indinéise, na nOileán Filipíneach, Brúiné agus Tíomór Thoir ina dhiaidh sin. | 6 |
| **Don Mahon,* Leas-Chathaoirleach** | Iar-Phríomhchigire Cúnta sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 6 |
| **Peter Archer** | Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an Ionad Taighde Oideachais | 4† |
| **Eamon Clavin** | Cigire Rannáin sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 5† |
| **Carol Cuffe** | Ceann Cúraim Shóisialaigh, CHO 7, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) | 3† |
| **Eileen Daly** | Oifigeach Míchumais Breisoideachais agus Ardoideachais agus Cleachtóir Gairmthreorach | 5† |
| **Pat Goff** | Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) | 5† |
| **Dharragh Hunt** | Comhairleoir beartais agus gnóthaí poiblí, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 5† |
| **Áine Lynch *** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile | 5 |
| **Clodagh Ní Mhaoilchiaráin** | Príomhoide, Gaelscoil Bhaile Brigín | 4† |
| **Deirbhile Nic Craith** | Ard-Rúnaí Cúnta agus Stiúrthóir Oideachais agus Taighde le Cumann Múinteoirí Éireann (INTO). | 5† |
| **Antoinette Nic Gearailt*** | Iar-Uachtarán ar Chumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha (ACCS) | 6 |
| **Anne Tansey*** | Stiúrthóir na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíche (NEPS), seirbhís síceolaíochta An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 5 |

*Tá na comhaltaí sin a gcuirtear * in aice a n-ainmneacha ar an gComhairle don dara téarma as a chéile*

*Ní fhéadfadh na baill sin, a bhfuil † in aice a bhfigiúirí tinrimh, ach freastal ar chúig chruinniú ar a mhéad. Tharla an chéad chruinniú de 2019 sular ceapadh iad ar an gComhairle.*

## Coistí na Comhairle

Chruthaigh an Chomhairle cúig choiste faoi Alt 33 den Acht EPSEN. Tuairiscíonn siad seo don Chomhairle de réir a dtéarmaí tagartha agus treoirlínte rialachais arna gcinneadh ag an gComhairle. Freastalaíonn baill na Comhairle ar choiste amháin nó níos mó. I gcás an Choiste Iniúchta agus Riosca, tá cathaoirleach seachtrach ceaptha ag an gComhairle a bhfuil taithí ábhartha aige.

**Tábla 8: Ballraíocht agus Tinreamh an Choiste Iniúchta agus Riosca in 2019**

| Iniúchadh agus Riosca (ceithre chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Lisa Campbell, Cathaoirleach | 4 |
| Peter Archer | 4 |
| Don Mahon | 4 |
| Antoinette Nic Gearailt | 3 |

**Tábla 9: Ballraíocht agus Tinreamh Coiste Feidhmíochta POF in 2019**

| Feidhmíocht POF (dhá chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Joe Hayes, Cathaoirleach | 2 |
| Peter Archer | 2 |
| Antoinette Nic Gearailt | 2 |

**Tábla 10: Ballraíocht agus Tinreamh an Choiste Airgeadais in 2019**

| Airgeadas (cúig chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Antoinette Nic Gearailt, Cathaoirleach | 5 |
| Eileen Daly | 5 |
| Pat Goff | 5 |
| Deirbhile Nic Craith | 5 |

**Tábla 11: Ballraíocht agus Tinreamh an Choiste Taighde in 2019**

| Taighde (ceithre chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Peter Archer, Cathaoirleach | 4 |
| Dharragh Hunt | 4 |
| Áine Lynch | 3 |
| Anne Tansey | 3 |

**Tábla 12: Ballraíocht agus Tinreamh an Choiste Beartais agus Straitéise in 2019**

| Straitéis agus Beartas (sé chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Don Mahon, Cathaoirleach | 6 |
| Eamon Clavin | 6 |
| Carol Cuffe | 4 |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | 6 |

# Aguisíní

# Aguisín 1 – Dearbhú de Chomlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

## Córas Rialaithe Inmheánaigh NCSE (CRI)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus as éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a athbhreithniú go bliantúil, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta chomh maith le próisis agus nósanna imeachta bainistíochta riosca. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, faoin treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa NCSE don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019. Tugtar deimhniú ar an athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht Chóras Rialaithe Inmheánaigh NCSE in 2019 i gcuntais iniúchta NCSE a fhoilsítear ar leithligh.

## Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeádta agus Tarmligthe

Chomhaontaigh an Chomhairle sceideal foirmiúil de nithe a chuirtear in áirithe go sonrach di le haghaidh cinnidh chun a threoir agus a rialú iomchuí ar an NCSE a chinntiú. D'aontaigh an Chomhairle sceideal toscaireachtaí chuig an bpríomhfheidhmeannach freisin.

## Comhlíonadh Cánach agus Rialála

Ní dhearnadh aon chumarsáid maidir le neamhchomhlíonadh cheanglais na n-údarás rialála nó cánach maidir le haon ábhar. Níl an NCSE ar an eolas faoi aon neamhchomhlíonadh iarbhír nó féideartha le dlíthe nó rialacháin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ár ráitis airgeadais.

## Beartas Taistil NCSE

Tá beartas an Rialtais maidir le taisteal gnó á chomhlíonadh i ngach slí. D'fhorbair NCSE a bheartas agus a nósanna imeachta taistil de réir riachtanais an Rialtais agus cloíonn sí leo.

## Beartas Soláthair

Tá beartas an Rialtais maidir le soláthar poiblí á chur i bhfeidhm san NCSE, agus cloítear le rialacha agus nósanna imeachta an chóid chaiteachais phoiblí.

Baineann an NCSE leas as socruithe seirbhíse roinnte agus conarthaí tarraingthe lárnacha, lena n-áirítear iad siúd a bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Diúscairt Sócmhainní

Maidir le diúscairt sócmhainní, comhlíonann an NCSE go hiomlán na ceanglais atá leagtha síos sa chód cleachtais.

## Nochtadh Rúnda

Tá beartas agus nósanna imeachta comhaontaithe ag an NCSE chun déileáil le nochtuithe cosanta de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Níor ardaíodh aon cheisteanna faoin nós imeachta seo in 2019.

## Cosaint Leanaí

D'fhorbair an NCSE nósanna imeachta agus treoirlínte don fhoireann ar chúrsaí cosanta leanaí agus leasa mar chuid de na ceanglais nua a achtaíodh in 2017 faoin Acht um Leanaí ar dtús, 2015. Tá treoirlínte NCSE ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.ncse.ie. Próiseáladh aon ábhair a tarraingíodh ár n-aird orthu in 2019 de réir ár nósanna imeachta.

## Iniúchadh

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an NCSE agus tá cairt iniúchta inmheánaigh aontaithe aige. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ceaptha ag an gComhairle le téarmaí tagartha comhaontaithe lena n-áirítear maoirseacht ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh, bainistíocht riosca agus athbhreithniú ar na dréachtchuntais bhliantúla.

## Tuairisciú Bliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

In 2019, thug an NCSE feidhmíocht fuinnimh na heagraíochta in 2018 tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann mar a éilítear faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh. Leanann an NCSE le cuntas a choimeád ar dhul chun cinn i dtreo na sprice 2020 a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014 ina gcuirtear bonn faoin dtiomantas do laghdú 33 faoin gcéad ar choigilteas funnimh don earnáil phoiblí faoin mbliain 2020. Cuirtear na sonraí do 2018 ar fáil thíos agus cuirtear i gcomparáid iad le figiúirí 2017 a tuairiscíodh roimhe seo.

**Tábla 13: Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh NCSE 2018 agus 2017**

| Cineál Fuinnimh | Aonaid | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | MWh | 140 | 135 |
| Teirmeach | MWh | 206 | 241 |
| Inathnuaite | MWh | 0 | 0 |

# Aguisín 2 – Foireann NCSE

**Tábla 14: Foireann NCSE an 31 Nollaig 2019**

| Grád | Foireann i bPost Deireadh 2019 |
|---|---|
| **Státseirbhísigh** | |
| Príomhfheidhmeannach | 1 |
| Príomh-Oifigeach | 4 |
| Bainisteoirí réigiúnacha (gníomhach) | 5 |
| Ceann speisialtóra | 1 |
| Príomhoifigeach cúnta | 6 |
| Bainisteoirí foirne | 10 |
| Eagraí riachtanas speisialta oideachais (ERSO) | 64.6 |
| Ardoifigeach feidhmiúcháin | 7 |
| Oifigeach riaracháin | 1 |
| Oifigeach feidhmiúcháin | 7 |
| Oifigeach cléireachais | 8 |
| Intéirneach | 2 |
| Fo-iomlán (státseirbhísigh) | **116.6** |
| | |
| Ceannaire tionscadail an tSamhail um Chuimsiú Scoile | 1 |
| Ceann speisialtóra | 1 |
| Comhairleoirí | 51 |
| Múinteoirí cuairte | 44 |
| **Fo-iomlán** | **97** |
| **IOMLÁN** | **213.6** |

# Aguisín 3 – Faisnéis Staidrimh do na Blianta Acadúla 2011-12 go 2018-19

I dTáblaí 15-18, tugtar sonraí treochta do na scoilbhlianta 2011-12 go 2018-19 maidir le gníomhaíocht leithdháilte acmhainní NCSE. Tá treocht aníos i bhformhór na réimsí.

**Tábla 15: Iarratais a Fuarthas ó Scoileanna ar Rochtain ar Acmhainní Breise**

| Cineál Iarratas | 11/12 | 12/13 | 13/14 | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CRS | 6,500 | 7,454 | 8,703 | 8,656 | 8,621 | 9,553 | 8,781 | 9,855 |
| Iompar | 2,310 | 2,520 | 2,787 | 3,289 | 3,423 | 3,460 | 3,597 | 3,847 |
| Teicneolaíocht Chúnta | 2,215 | 2,721 | 2,882 | 2,928 | 3,564 | 4,686 | 4,157 | 4,453 |
| LITH[7] | 14,490 | 13,914 | 15,952 | 16,209 | 18,177 | 19,384 | N/B | N/B |
| **Líon Iomlán na nIarratas** | **25,515** | **26,630** | **30,324** | **31,082** | **33,785** | **37,083** | **16,535** | **18,155** |

**Tábla 16: Acmhainní um Oideachas Speisialta Leithdháilte ar Scoileanna ag an NCSE**

| Cineál na bPost | 11/12 | 12/13 | 13/14 | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CRS | 10,320 | 10,503 | 10,671 | 11,174 | 11,984 | 13,006 | 14,063 | 15,030 |
| Múinteoirí minicíochta ísle | 5,265 | 5,265 | 5,722 | 6,204 | 6,823 | 7,427 | N/B[7] | N/B[7] |
| Múinteoirí scoile speisialta | 1,056 | 1,078 | 1,060 | 1,135 | 1,159 | 1,197 | 1,205 | 1,223 |
| Múinteoirí ranga speisialta | 602 | 695 | 823 | 956 | 1,136 | 1,304 | 1,480 | 1,663 |

7 Cuireadh an tsamhail nua chun múinteoir oideachais speisialta a leithdháileadh don scoilbhliain 2017-18 in ionad an phróisis iarratais ar uaireanta teagaisc minicíochta íseal.

**Tábla 17: Líon na Scoláirí a dtacaíonn Leithdháiltí NCSE leo**

| Scoláirí | 11/12 | 12/13 | 13/14 | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CRS príomhshrutha | 12,150 | 13,268 | 13,907 | 15,101 | 16,874 | 18,513 | 19,571 | 20,550 |
| LITH | 29,426 | 32,480 | 35,763 | 38,414 | 42,931 | 47,065 | N/B[7] | N/B[7] |
| Ranganna speisialta | 3,286 | 3,684 | 4,353 | 4,706 | 5,472 | 6,393 | 7,390 | 8,410 |
| Scoileanna speisialta | 6,848 | 7,077 | 7,299 | 7,459 | 7,607 | 7,739 | 7,954 | 7,921 |

**Tábla 18: Ranganna Speisialta Cineál de réir Míchumais**

| Cineál Ranga Speisialta | 11/12 | 12/13 | 13/14 | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ASD EI[8] | 34 | 49 | 72 | 96 | 118 | 127 | 130 | 132 |
| ASD | 296 | 364 | 439 | 531 | 647 | 762 | 917 | 1,067 |
| Urlabhra agus teanga | 64 | 64 | 64 | 63 | 63 | 65 | 65 | 65 |
| GLD éadrom | 73 | 71 | 67 | 65 | 64 | 62 | 57 | 59 |
| GLD Measartha | 31 | 28 | 39 | 39 | 48 | 58 | 59 | 62 |
| Éisteacht | 15 | 16 | 16 | 15 | 17 | 16 | 16 | 16 |
| EBD/SEBD | 9 | 7 | 8 | 11 | 10 | 10 | 10 | 11 |
| Eile | 26 | 29 | 32 | 35 | 41 | 49 | 50 | 51 |
| Iomlán | 548 | 628 | 737 | 855 | 1,008 | 1,149 | 1,304 | 1,463 |

8 Ranganna luath-idirghabhála bunaithe do scoláirí a bhfuil ag an aois réamhscoile a bhfuil uathachas orthu i scoileanna príomhshrutha.

# Aguisín 4 – Tuairisc ar na Catagóirí Míchumais[9]

| Míchumais Ard-Minicíochta | |
|---|---|
| **Catagóir Mhíchumais** | **Cur síos** |
| Mionbhac foghlama ginearálta imeallach | Bhí na leanaí seo measúnaithe ag síceolaí mar leanaí a bhfuil mionbhac foghlama ginearálta imeallach orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas sa raon 70 go 79. |
| Mionbhac foghlama ginearálta | Bhí na leanaí seo measúnaithe ag síceolaí mar leanaí a bhfuil mionbhac foghlama ginearálta orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas sa raon 50 go 69. |
| Sainéagumas foghlama | De réir mheasúnú síceolaí tá na leanaí seo:<br>▸ Ar mheánéirim nó níos airde.<br>▸ Faoi éagumas áirithe foghlama chomh fada is a bhaineann le ceann amháin de na gnéithe seo go sainiúil, bunscileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta nó matamaitice sa chaoi go bhfuil siad ag an dara peircintíl nó faoina bhun ar thrialacha caighdeánaithe, oiriúnacha,normthagartha. |

| Míchumais Minicíochta Ísle | |
|---|---|
| **Catagóir Mhíchumais** | **Cur síos** |
| Uathachas/Mí-oird Speictream an Uathachais | Beidh síciatraí nó síceolaí tar éis na daltaí seo a mheas agus iad a rangú mar leanaí a bhfuil uathachas nó neamhoird speictream an uathachais orthu de réir chritéir DSM-IV nó ICD-10 |
| Suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna Iompair | Tá cóir leighis á cur ag síciatraí nó ag síceolaí ar na leanaí seo le haghaidh riochtaí mar néaróis, siocóislinbh, hipirghníomhaíocht, mí-ord easpa aire, hipirghníomhaíocht ag gabháil le mí-ord easpa aire agus mí-oird iompraíochta a chuireann isteach go mór ar a sóisialú agus/nó a gcuid foghlama laistigh den scoil. |
| Bodhar/lagéisteacht | Bíonn míchumas cloisteála ar na daltaí seo atá chomh trom sin go dtagann sé go mór sa bhealach ar a gcumas chun urlabhra daonna a chloisteáil agus a thuiscint, agus sa tslí sin go dtagann sé idir iad agus páirt iomlán a ghlacadh in idirghníomhaíocht ranga agus an tairbhe is gá a bhaint as an teagasc ar scoil. Beidh oideas faighte ag a bhformhór le haghaidh áiseanna cloisteála agus beidh siad ag fáil cabhrach ó Mhúinteoir Cuairte. |

9 Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna SP ED 08/02.

| Míchumais Minicíochta Ísle | |
|---|---|
| **Catagóir Mhíchumais** | **Cur síos** |
| Meánbhac foghlama ginearálta | Bhí na daltaí seo measúnaithe ag síceolaí mar daltaí a bhfuil meánbhac foghlama ginearálta orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas sa raon 35 go 49. |
| Míchumais iolracha | Comhlíonann scoláirí a ndéantar measúnú orthu faoi il-mhíchumais na critéir maidir le dhá cheann nó níos mó de na míchumais minicíochta ísle a thuairiscítear. |
| Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag eascairt as siondróm measúnaithe | Daltaí den sórt sin a bhfuil siondróm measúnaithe orthu, m.sh. siondróm Down, siondróm William agus siondróm Tourette i dteannta le haon cheann de na míchumais minicíochta ísle eile. |
| Míchumas corp | Tá míchumais bhuana nó fhadaithe ar na leanaí seo ag éirí as riochtaí mar mhíchumas ó bhreith, bifide cnámh droma, diospraicse, diostrópacht mhatámach, pairilis cheirbeach, cnámha sobhriste nó mórghortú de thoradh timpiste. De dheasca lagú a bhfeidhmeanna coirp, bíonn cabhair agus tacaíocht faoi leith de dhíth orthu chun go mbeidh oideachas ar fáil dóibh den leibhéal agus den mhianach a oireann dá riachtanais agus dá gcumais.<br><br>Bíonn gá ag a lán acu le cathaoir rotha, d'áis ghluaiseachta nó suite nó de thacaíocht theicneolaíoch eile.<br><br>D'fhéadfadh go mbeadh easpa ar a rialú agus ar a gcomhordú matánach agus deacrachtaí acu cumarsáid a dhéanamh, go háirithe rudaí a rá go soiléir m.sh. mar a tharlaíonn le diospraicse géar. |
| Dianbhac agus domhainbhac foghlama ginerálta | Beidh na leanaí seo measúnaithe ag síceolaí mar leanaí a bhfuil dianbhac nó domhainbhac foghlama ginearálta orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas faoi bhun 35. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh míchumais choirp ar na daltaí sin. |
| Suaitheadh mothúchánach agus/ nó fadhbanna Iompair tromchúiseacha | Is iad na critéir le haghaidh EBD trom ná go bhfuil an dalta faoi chúram síciatraí nó síceolaí chliniciúil le haghaidh neamhord chliniciúil throim. Bheifí ag súil go dtiocfadh líon an-bheag daltaí faoin gcatagóir seo. |

| Míchumais Miniciochta Ísle | |
|---|---|
| **Catagóir Mhíchumais** | **Cur síos** |
| Neamhord sainiúil urlabhra agus teanga | Ba cheart go gcomhlíonfadh na daltaí seo gach ceann de na critéir seo a leanas:<br>▸ Cumas neamhbhriathartha nó feidhmíochta nach mór dó a bheith laistigh den raon meánach nó os a chionn, is é sin, éirim neamhbhriathartha nó feidhmíochta de 90 nó níos airde.<br>▸ Measúnaithe ag teiripeoir urlabhra agus teanga agus ina fuarthas go bhfuil sé ag dhá dhiall chaighdeánacha nó níos mó (SD) faoi bhun na meán, nó ag leibhéal coibhéiseach go ginearálta (-2 SD nó faoina bhun, nó faoi bhun scór caighdeánach 70) i gceann amháin nó níos mó de na príomhréimsí d'fhorbairt urlabhra agus teanga.<br>▸ Tá gá le dhá mheasúnú, measúnú síceolaíoch agus measúnú urlabhra agus teanga. |
| Dall/lagamhairc | Bíonn bac amhairc ar na daltaí seo atá chomh trom sin go dtagann sé go mór sa bhealach ar a gcumas feiceála agus sa dóigh sin go dtagann sé idir iad agus ábhair a chuirtear os a gcomhair lena bhfeiceáil mar shampla pictiúir, léaráidí agus an focal scríofa. Beifear tar éis roinnt acu a dhiagnóisiú go proifisiúnta mar dhaltaí a bhfuil daille chomhbheirthe orthu, nó cataracht, nó ailbíneachas nó reitiníteas pigmentosa. Beidh gá ag an gcuid is mó díobh go n-úsáidtear áiseanna lagamhairc agus beidh siad ag fáil cabhrach ó mhúinteoir cuairte. |

# Aguisín 5 – Gluais Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| ACCS | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha |
| ASD | Neamhord de chuid speictream an uathachais |
| FGL | Forbairt ghairmiúil leanúnach |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DSM | Lámhleabhar Diagnóiseach agus Staidrimh maidir le Neamhoird Mheabhrach |
| EASNIE | An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| EBD | Suaitheadh mothúchánach/neamhord iompraíochta |
| ELC | Ionad Luathfhoghlama |
| EPSEN | An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| INTO | Cumann Múinteoirí Éireann |
| ITE | Teagasc tosaigh múinteora |
| IQ | Sainuimhir Éirime |
| NBSS | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| TS | Teiripeoir saothair |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta |
| SD | Diall caighdeánach |
| ERSO | Eagraí riachtanas speisialta oideachais |
| CRI | Córas Rialaithe Inmheánaigh |
| SIM | An tSamhail um Chuimsiú Scoile |
| CRS | Cúntóir riachtanas speisialta |
| TUT | Teiripeoir urlabhra agus teanga |
| UNCRPD | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta na nDaoine faoi Mhíchumas |

# Aguisín 6 – Fisghrafaic Staitisticí

## Líon na Scoláirí a fhaigheann tacaíocht ó CRSanna

| | Poist CRS | Sa Phríomhshruth | I Ranganna Speisialta | I Scoileanna Speisialta |
|---|---|---|---|---|
| Deireadh na scoilbhliana 2018-19 | 15,030 | 20,550 | 8,410 | 7,921 |
| Deireadh na scoilbhliana 2019-20 | 14,063 | 19,571 | 7,390 | 7,954 |

D'oscail an NCSE **164** rang speisialta nua in **2018-19** i gcomparáid le **174** in **2017-18**

| | 2018-19 | 2017-18 |
|---|---|---|
| Líon ranganna speisialta | 1,463 | 1,305 |
| Líon áiteanna i ranganna speisialta | 9,336 | 8,370 |

Líon na nIarratas a Próiseáladh in 2018-19 I gcomparáid le 2017-18

| | Scoilbhliana 2018-19 | Scoilbhliana 2017-18 |
|---|---|---|
| CRS | 9,855 | 8,781 |
| Iompar scoile | 3,847 | 3,597 |
| Teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialaithe | 4,453 | 4,157 |
| IOMLÁN | 18,155 | 16,535 |

## Don Bhliain Féilire 2019

Thacaigh **5,942** múinteoir cuairte le leanaí scoile agus **938** naíonán/leanbh réamhscoile

Fuarthas **2,266** iarratas ó scoileanna ar thacaíocht laistigh den scoil

Bhí **16,511** múinteoir ag gabháil d'fhorbairt agus d'fhoghlaim ghairmiúil ag seimineáir NCSE agus ag seimineáir foirne iomláine

Cuireadh **19,737** lá um fhorbairt agus fhoghlaim ghairmiúil ar fáil do sheimineáir NCSE agus do sheimineáir foirne iomláine

**443** Seachadadh cúrsaí seachtracha NCSE agus 280 seimineár foirne iomláine

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education